An Roinn Oideachais agus Eolaiochta
Tuarascáil Bhliantúil 2007

Clár

Ráiteas Miseain 3

Staitistic Airgeadais 4

AIDHM ARDLEIBHÉIL 1 – Riachtanais an Duine Aonair a Shásamh 6

AIDHM ARDLEIBHÉIL 2 – An tSochaí Chuimsitheach a Thacú 23

AIDHM ARDLEIBHÉIL 3 – Ranníocaíocht don Ráth Eacnamaíochta 34

AIDHM ARDLEIBHÉIL 4 – Caighdeáin agus Cáilíochtaí a Fheabhsú 40

AIDHM ARDLEIBHÉIL 5 – Ár nAcmhainn Soláthair a Fhorbairt 49

Aguisíní

Cairt Eagair 56

Gníomhaireachtaí faoi Choimirce na Roinne 57

Ráiteas Miseain

Is é an misean atá ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ná chun oideachas den chéad scoth a sholáthar:

- a chuirfidh ar chumas an duine aonar acmhainn iomlán a bhaint amach agus rannpháirtíocht iomlán a ghlacadh mar bhaill den tsochaí, agus

- ionnas go bhféadfadh an duine rannpháirtíocht a dhéanamh sa bhforbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta na hÉireann.

Aidhmeanna Ardleibhéil

Chun an misean seo a bhaint amach, tá na haidhmeanna ardleibhéil a leanas ag an Roinn:

1. Déanfaimid oideachas a sholáthar a bheidh ábhartha do riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta an duine aonair.

2. Tabharfaimid tacaíocht, trí an oideachas, don tsochai chuimsitheach, shóisialta le deiseanna chothroma ar fáil do chách

3. Déanfaimid ranniocaíocht don ráth eacnamaíochta, don bhforbairt agus don iomaíocht idirnáisiúnta maidir le hÉirinn.

4. Déanfaimid iarracht caighdeán agus cáilíocht an oideachais a fheabhsú agus an cleachtas is fearr a chur ar aghaidh sna seomrai ranga, sna scoileanna, sna coláistí agus in ionaid oideachais eile.

5. Tabharfaimid tacaíocht do sheachadadh an oideachais tri phleanáil cháilíochta, trí dhúnghaoisí a chur i bhdeidhm agus tri sheirbhis don chustaiméar.

Gníomhaíochtaí

Ár sainordú: Mar thacú do na haidhmeanna ardleibhéil seo, tá an Roinn gafa i raon leathan gniomhaíochtaí. Orthu siúd tá

- Pleanáil agus athbhreithniú dúnghaoisí
- Dearbhú cáilíochta
- Dáileadh acmhainní daonna agus airgeadais
- Mionstruchtúr oideachais a phleanáil agus a sholáthar
- Oideachas a thacú trí chomhoibriú

Staitistic Airgeadais

Caiteachas Oideachais agus a Bhaineann leis [1]

Is é an caiteachas iomlán san earnáil oideachais sa bhliain 2007 ná €8.7bn. Caitheadh san iomlán 94% ag an gcéad leibhéal, an dara leibhéal, ardoideachas agus taighde. Caitheadh an fuílleach 6% ar oideachas sa bhreis, ar an óige agus ar eochairsheirbhisi eile. San áireamh mar eochairsheirbhisi eile ná gníomhaiochtaí cultúrtha, sásamh um scoileanna cónaithe agus roinnt clár beag eile. Léirítear thíos an caiteachas ar na cláir sin:

Tacaíocht do Scoileanna Comhphobail (Oideachas den chéad & dara leibhéal)	**€milliún**	**%**
Costais Riaracháin na Roinne	64.9	1.0%
Tuarastail & Aoisliúntas	4,799.0	76.7%
Deontais agus Seirbhísí	741.7	11.9%
Caipiteal (*Gan Costais Riar.na Roinne san áireamh*)	647.8	10.4%
Iomlán	**6,253.4**	

Oideachas sa Bhreis & Seirbhisi Óige		
Costais Riaracháin na Roinne	2.8	0.9%
Tuarastail & Aoisliúntas	82.3	25.6%
Deontais agus Seirbhísí	231.8	72.3%
Caipiteal (*Gan Costais Riar.na Roinne san áireamh*)	3.9	1.2%
Iomlán	**320.8**	

Ardoideachas agus Deontais & Seirbhisí Taighde		
Costais Riaracháin na Roinne	5.8	0.3%
Tuarastail & Aoisliúntas	1,040.2	54.3%
Deontais agus Seirbhísí	709.9	37.1%
Caipiteal	158.9	8.3%
Iomlán	**1,914.9**	

Seirbhisi a Fheabhsú agus a Fhorbairt		
Costais Riaracháin na Roinne	7.2	3.3%
Tuarastail & Aoisliúntas	15.9	7.4%
Costais Sásaimh	185.0	85.9%
Costais an Choimisiúin um Mhí-úsáid Leanaí	7.4	3.4%
Iomlán	**215.5**	

[1] *Tá na figiúirí faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Caiteachas in aghaidh an mhic léinn thar na deich mbliana ag na praghasanna buana 2007:

Earnáil	*1997*	*2007*
Céad Leibhéal	2,984	6,163
Dara Leibhéal	4,611	8,842
Tríú Leibhéal	9,610	10,880

AIDHM ARDLEIBHÉIL 1 – Riachtanais an Duine Aonair a Shásamh

Déanfaimid oideachas a sholáthar a bheidh ábhartha do riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta an duine aonair.

Cuspóir 1.1: Tabharfar tacaíocht d'fhorbairt agus soláthar luathoideachas na hóige don chéad scoth mar atá leagtha amach sa Pháipéar Bán ar luathoideachas na hóige , "Ready to Learn".

Oideachas sna Luathbhlianta

Cé go mbaineann an oideachas sna luathbhlianta leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, ta an t-aonad comhlonnaithe in Oifig an Aire um Ghnóthaí Leanaí agus Óige. Is é an fáth atá leis an gcomhlonnú ná chun a dheimhniú go mbeidh an dúnghaois fhorbartha san earnáil um luathóige mar an gcéanna sna reanna rialtais eile a bhfuil freagrach freisin as leanaí. Is iad na trí roinn a bhfuil comhfhreagrach as leanaí ná an Roinn oideachais & eolaíochta, an Roinn Sláinte agus Leanaí agus an Roinn Cirt, Comhionannais agus Leasú Dlí.

An príomh-idirghabháil a bhí ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta sna luathbhlianta ná díriú i dtreo leanaí a bhuail le míbhuntáiste nó go raibh riachtanais speisialta ag cur as dóibh.

Laistigh de phlean gnímh na Roinne do chuimsiú an oideachas "*Delivering Equality of Opportunity in Schools"* (DEIS), tá an gealltanas a leanas tugtha don oideachas um luathbhlianta:

> *Oibreoidh an Roinn i gcomhpháirtíocht le ranna agus gníomhaireachtaí eile chun tacú le cláir chúraim leanaí atá i bhfeidhm cheana féin i bpobail faoi mhíbhuntáiste agus an luach atá acu a mhéadú. Déanfar é seo le súil a chinntiú go ndéantar freastal ar riachtanais chúraim agus oideachais ghinearálta na leanaí atá i gceist ar bhealach comhtháite.*

Rinne an *CECDE* anailís ar scoileanna den Bhanda 1 Uirbeach um *DEIS* ina raibh tinreamh de naíonáin shóisearacha. Is é an aidhm a bhí leis an anailís seo ná chun na réamhscoileanna friotálacha a shainaithint mar aon leis an líon leanaí sna naíonáin shóisearacha go raibh rochtain acu ar sheirbhísí réamhscoile. Thaispeáin an tuarascáil gur rinne na leanaí sna naíonáin shóisearacha tinreamh ar fhoirm eigin de sholáthar réamhscoile i níos mó ná 90% de na scoileanna a chuir freagra ar fáil. D'iarr riachtanas-anailís eile ar sheirbhisi um chúram leanaí na bunchúiseanna a shainaithint a thabhafadh feabhsú ar cháilíocht na seirbhísi a sholathraíonn siad do leanaí agus a gcuid teaghlach. Ba iad na bunchúiseanna a sainaithníodh ná sainmholadh agus tacaíocht ag comhairleoir oideachasúil mar aon le forbairt agus oiliúint do na

soláthraithe. Tá samhail idirghábháileach á forbairt atá bunaithe ar thoradh na staidéar sin.

Soláthar Reatha – laistigh den earnáil bhunscoile

Cé gurb é 6 bliana an aois éigeantach scoiliochta in Éirinn, is féidir le leanaí ó bhliain 4 amach cláru i mbunscoil. Taispeánann na staitistic is déanaí[2] go bhfuil beagnach leath den líon leanaí ar aois dóibh 4 bliana (44.4%) mar aon le beagnach gach leanbh (99.2%) ar aois 5 bliana cláraithe i mbunscoileanna. Maidir le leanaí réamhscoile, bhi an idirghabháil san luathbhlianta dírithe i dreo leanaí míbhuntáisteacha no a bhfuil riachtanais speisialta de dhíth orthu. Áirítear sna gnéithe uilechuimsitheacha sin:

- Bunaíodh an *"Tionscadal um Réamhscoil Tús Luaith"* sa bhliain 1994/95 i 40 bunscoil i reigiúin ar leith um uirbeach míbhuntáiste. Fostaíonn an tionscadal 56 oibrí um chúram leanaí i 16 aonad um Thús Luath (ina bhfuil 60 leanbh gafa i ngach aonad, 30 ar maidin agus 30 umthrathnóna) mar aon le 24 leathaonad (ina bhfuil 30 leanbh ar maidin amháin) 1,680 is ea an líon spás atá soláraithe sna 40 aonad um Thús Luath.
- Bunaíodh an *"Tionscadal um Shráid Rutland"*, sa bhliain 1969, agus is réamhscoil é ata ag feidhmiú sa bhunscoil um Shráid Rutland i mBaile Átha Cliath. Cé nach bhfuil se mar chuid den *Tús Luath*, baineadh feidhm as chun roinnt mhaith cur chuige a thástáil a úsáideadh ina dhiaidh sin sa *Tionscadal um Thús Luath.*
- *Réamhscoileanna don Lucht Siúil*: Tá timpeall 40 réamhscoil ag freastal ar 500 leanaí, go neasach, den Lucht Siúil. Is é an dúnghaois a leagadh amach sa bhliain 2006 sa *"Traveller Education Strategy"* ná chun gluaisne i dtreo soláthair iomlánaithe do sheirbhísí um Lucht Siúil, réamhscoileanna don Lucht Siúil san áireamh.
- *Riachtanais um Oideachas Speisialta*: Cuireann an Roinn ciste ar fáil do líon áirithe idirghabhálacha, agus san áireamh tá 23 rang réamhscoile chun an t-éileamh ar luath-idirghabhái a shásamh do leanaí ar an speictrim um uathachas. Tá an Roinn gafa, freisin, sa scéim um theagasc baile agus soláthraíonn sí ciste le haghaidh luath-idirghabhála oideachasúla do leanaí réamhscoile a bhfuil uathachas ag cur as dóibh.

Cuspóir 1.2: Déanfaimid cur ar chumas scoileanna ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal oideachas den chéadh scoth a sheachadadh trí sholáthar um raon cuimsitheach a chur ar fáil agus san áireamh tacaíochtaí mar airgeadas, baill foirne agus curaclam.

Baill Foirne sna Scoileanna

Bunoidí ar Fáil

Poist Teagaisc i mBunscoileanna um Nollaig 2007	**30,393**
Cóimheas oide an dalta don scoilbhliain 2007/08	**16.0:1**
Mic léinn i gColáistí Oideachais (lánaimseartha)	**4,892**

[2] 2005/2006 sonraí ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Mic léinn a chomhlánaigh an Teastas Céimithe i mBunoideachas ag an gColáiste Hibernian	**472**

Múinteoirí Dara Leibhéal ar Fáil

Déantar an dáileadh um bhaill foirne a cheadú ag an Roinn ar bhonn bhliantúil de réir na rialacha ginearálta a bhaineann le clárú daltaí aitheanta. Sa scoilbhliain 2001/02, rinneadh timpeall 24,477 post teagaisc coibhéiseach lánaimseartha a dháileadh ar scoileanna dara leibhéal. An uimhir chomhfhreagrach don bhliain 2007/08 ná 25,911 post coibhéiseach lánaimseartha.

Poist Teagaisc i Meánscoileanna Deonacha	**13,502**
Poist Teagaiscs i Scoileanna Comhphobail agus Cuimsitheacha	**4,248**
Poist Teagaisc i nGairmscoileannas	**8,161**
Coimheas oide an dalta don scoilbhliain2006/07	**13.07:1**

Achomhairc maidir le dáileadh um bhaill foirne

Rinne an Bord Achomhairc um Bhaill Foirne Bhunscoile déileáil le 91 cás sa bhliain 2007. Rinneadh acmhainní teagaisc sa bhreis a dháileadh i 21 cás. Rinne an Bord déileáil le 193 achomharc ag an dara leibhéal agus bhí 107 diobh sin rathúil.

Pinsin na nOidí

Chuaigh líon buaice 1,331 oide ar scor sa bhliain 2007. B'ionann an líon oidi a chuaigh ar scor sa bliain 2007 agus méadú 56.59% ar an meánuimhir bhliantúil d'oide a chuaigh ar scor sa tréimhse ceithre bliana 2000-2003.

Sa bhliain 2007 rinneadh dul ar aghaidh suntasach ar an eolas maidir le soláthar eolais ar an scéim phinsin do bheinifísí agus do bheinifísí tualainge.

Seirbhís Phárolla

Déanann an Roinn raon seirbhísí párolla a chomhordú agus a riaradh d'oidi atá ag feidhmiú agus dóibh siúd atá ar scor mar aon do chúntóirí um riachtanais speisialta i mbunscoileanna agus i scoileanna dara leibhéal agus i scoileanna comhphobail agus cuimsitheacha. Déanann sí monatóireacht ar bhonn leantach ar chaiteachas párolla agus ullmhaíonn sí meastacháin bheachta do gach párolla.

Rinne an Roinn tuarastal a íoc do 77,000 don bhall tyeagaisc, don bhall atá ar scor agus don bhall neamtheagaisc i mbunscoileanna agus i scoileanna dara leibhéal. Déantar 2 mhilliún íocaíocht tuarastail a eisiúint in aghaidh na bliana.

Forbairtí sa Bhliain 2007

Rinneadh córas éilimh ar líne (CEAL) a chur ar bun i mbunscoileanna ar bhonn céimiúil le linn na bliana 2007. Tráth Nollaig 2007, bhí an córas in úsáid i 2,600 scoil. Is córas um láithreán gréasáin an CEAL a chuirteann ar chumas scoileanna a gcuid éileamh a ionchur le haghaidh íocaíochta d'oidi ócáideacha agus neamhócáideacha mar aon le cúntóirí um riachtanais speisialta chuig bonachar sonraí ag baint feidhme as an ríomhaire sa scoil. Déantar na sonraí a aistriú do na córais phárolla sa Roinn, agus sa tsli sin gan bacaint le héilimh a ionchur de láimh agus an mhoill ar íocaíocht a

laghdú. Cuirteann sé ar chumas scoileanna cuntas a choinneáil ar neamhláithreachtaí oidí agus cúntóirí um riachtanais speisialta.

An cur ar fáil den CEAL le linn na bliana 2007, ba mhórfhorbairt é mar go raibh i gceist pearsanra ó 2,600 scoil a oiliúint, cáipéisí an úsáideora a ullmhú agus an chabhairlíne a fheidhmiú chun cabhrú le scoileanna dul i dtaithi ar an gcóras nua.

Na riaráistí pá a d'fhás as cur i bhfeidhm téarmaí an Achta Pháirtaimseartha d'oidí ocáideacha agus neamh-ócáideacha i scoileanna dara leibhéal, rinneadh iad a ríomh agus a íoc le linn na bliana.

Tháinig méadú 99.8% ar an gcéatadán d'oidí sa tseirbhis a iocadh go leictreonach agus méadú 95% ar an gcéatadán d'oidi ar scor.

Oide-Oideachas

Tús-Oiliúint an Oide

Tá an Roinn freagrach as cumadh agus cur i bhfeidhm dúnghaoisí éifeachtúla chun a dheimhniú go mbeidh leordhóthain bunoidí scoile cáilithe agus oiliúnta sa gharthéarma, sa mheántéarma agus sa bhfadtéarma. Is é a bheidh i gceist anseo ná ardleibhéal cumarsáide agus idirghnímh i measc, inter alia, coláistí oideachais agus an Chomhairle Teagaisc.

Tá an Roinn freagrach, freisin, as dúnghaoisí a chur i bhfeidhm maidir leis an gClár Dioplóma Iarchéimithe le haghaidh múinteoirí iarbhunoideachais. Cuireann na reanna oideachais sna ollscoileanna rannpháirteacha a leithéid ar fáil.

Tionscadal Píolótach Náisiunta ar Ionduchtú Oidí (*NPPTI*)

Is é príomhfheidhm an chlár ionduchtaithe d'oidí ná chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt ghairmiúil oidí nuacháilithe tri tacaíocht chorasúil a chur ar fáil d'oidí sa chéad bhliain teagaisc agus sa tsli sin an bunús a leagadh síos don bhfás agus don fhorbairt ghairmiúil sa todhchaí. Tá dhá shraith ag an gclár píolótach, ceann amháin ag an mbunleibhéal agus an ceann eile ag an leibhéal iarbhunoideachais. Rinneadh Sraith V den tionscadal a chríochnú go rathúil i mí an Mheithimh 2007 agus thosaigh Sraith VI i mí Mheán Fómhair 2007.

Forbairt Ghairmiúil Inserbhíse /Leantach (*CPD*) – Seirbhísí Tacaíochta

Seirbhísí Tacaíochta sa Churaclam Bunoideachais

An curaclam bunscoile leasaithe, déantar an cur i bhfeidhm a thacú ag foireann thiomanta atá ag feidhmiú mar Chlár Tacaíochta um Churaclam Bunscoile (*PCPS*). Rinneadh an clár cuimsitheach um oiliúint ghairmiúil maidir leis an gcuraclam scoile leasaithe, a cuireadh ar bun sa bhliain 1999, a shlánú i mí an Mheithimh 2007. Mar aon leis an gclár cuimsitheach um oiliúint ghairmiúil a slánaíodh le déanaí, tá seirbhís tacaíochta leantach curtha ar fáil ag *Cuiditheoirí* a sholáthraíonn tacaíocht atá bunaithe sa suíomh scoile ar bhonn réigiúnach. Le linn na bliana 2007 rinne oiliúnóirí *PCPS* seachtó a ceathair seimineár a sheachadadh ar thástáil chaighdeánach mar aon le ochtó a sé seimineár ar Threoracha agus Nósanna Imeachta um Chúram Leanaí.

Comhordai um Chomhairle Mhic Léinn a Chur ar Bun Llaistigh den SLSS

Sa bhliain 2007 ceapadh comhordaí um chomhairle mic léinn laistigh den *SLSS*. Oibríonn an comhordaí um chomhairle mic léinn nuacheapaithe faoi an *SLSS* agus i gcomhairle leis an tSeirbhís Tacaíochta um Oideachas Saoránaíoch, Sóisialta agus Polaiticiúil (*CSPE*). Déanfaidh an comhordaí clár forbartha gairmiúil a chumadh déanfaidh sé eagair a chur i bhfeidhm chun é a sheachadadh. Is é a bheidh sa chlár ná déileáil leis na riachtanais sainaitheanta oidi agus scoileanna maidir le bunú agus forbairt chomhairle mic léinn ag an dara leibhéal.

An tSeirbhís Tacaíochta Iompair Náisiúnta (*NBSS*)

Bhunaigh an tAire An tSeirbhís Tacaíochta Iompair Náisiúnta (*NBSS*) sa bhFómhar 2006. Tá obair an *NBSS* á cur i bhfeidhm ag foireann ghairmiúil um il-ábhair agus comhordai náisiúnta mar stiúrthóir uirthi agus cabhair ar fáil ó cheathrar cúntóir náisiúnta. Ina theannta sin, rinneadh 10 oifigeach fhorbartha réigiúnacha a earcú mar aon le 14 oifigeach fhorbartha pháirtaimseartha pháirteacha chun rathúlacht an tionscadail a dheimhniú.

Tá dian-obair á déanamh ag an *NBSS* le líon beag scoileanna go bhfuil géarghá leo leis an idirghabháil seo tar éis machnamh ag an *NBSS* ar iarratais ó scoileanna le haghaidh na seirbhise seo.

Sa bhliain 2007, thosaigh foirne an *NBSS* ag obair go dian leis an 50 scoil a roghnaíodh don fhorbairt seo. Mar bhreis air sin, rinneadh an 30 túsrang scoile um iompar tacaíochta a fógraíodh ag an Aire a cheadú. Soláthraíonn na ranganna scoile seo dianchlár idirghábhálach agus mar aidhm bhunúsach acu go leanfaidh gach aon mhac léinn leis an obair churaclaim.

Cé nach bhfuil an tseirbhís faoi sheol ach thar bhliain amháin, taispeánann na luathchomharthaí go bhfuil fáilte dheimhneach ag an *NBSS* sna scoileanna agus bhi chomhoibriú agus dea-thoil ar fáil ó gach aon duine a bhí gafa sa ghnó. Rinneadh ocht milliún euro a chur ar fáil sa bhliain 2007 chun tacú le obair an *NBSS* chun cabhrú le scoileanna iompar deimhneach an mhic léinn a chur ar aghaidh ag an dara leibhéal.

Seirbhís Tacaíochta do na hÁbhair Theicneolaíochta

Rinneadh T4, an tseirbhís tacaíochta do na hÁbhair Theicneolaíochta, a sheoladh i mí na Nollag 2006. Is iad an ceithre ábhar teicneolaíochta, sin an fáth atá leis an ainm T4, a fógraíodh don chur i bhfeidhm céimiúil ná Teicneolaíocht, Grafaic Dheartha & Chumarsáide (*DCG*), Teicneolaíocht Ailtíreachta agus Teicneolaíocht Innealtóireachta. Tá an chéad dá ábhar, Teicneolaíocht agus *DCG*, sa tréan-chéim anois agus tá 1,500 oide, go neasach, ag freastal ar inseirbhís ina leith. Soláthraíonn T4 tacaíocht d'oidí agus do scoileanna chun na hábhair theicneolaíochta iarbhunoideachais atá nua agus leasuithe a chur i bhfeidhm. Tá ceithre dhreasd'fhorbairt ghairmiúil slánaithe anois. Tugadh cuireadh d'oidí gach ábhar freastal ar thrí lá d'fhorbairt ghairmiúil le linn na bliana. Tá óstóireacht T4 á eagrú ag an Ionad Oideachais i nGaillimh.

An tSeirbhís Tacaíochta Phleanála um Fhorbairt Scoile (*SDPS*) *- Bunoideachas*

Tá tionchar suntasach fós ag an *SDPS* ar na comhphobail scoile i bhforbairt an churaclaim agus sna gnéithe eagraíochta a bhaineann lena bpleananna scoile agus an toradh atá ag a leithéid de phleananna ar na riachtanais fhoghlamtha a gcuid daltaí.

Mar bhreis ar an gcúnamh le pleananna scoile agus mar fhreagra ar aiseolas, rinne an *SDPS* treoir ar leith a sholáthar do scoileanna i gcás pleanála le haghaidh iarbhirt fhoghlamtha a fheabhsú dá gcuid daltaí uile. Rinneadh an treoir sin a sholáthar le linn na scoilbhliana 2007 sna réigiúin ar leith a leanas (a) measúnacht, (b) litearthachta, (c) uimhearthacht, (d) ullmhú ag an oide aonair, (e) forbairt phleanála.

Tionscnamh Pleanála um Fhorbairt Scoile (*SDPI*) - *Iarbhunoideachas*
Próiseas is ea forbairt phleanála scoile a chuireann an comhphobal scoile i bhfeidhm chun forbairt phleanála i gcomhphobail scoile a spreagadh agus a láidriú sna gnéithe a bhaineann le cultúr comhoibrithe um fhorbairt phleanála agus um éifeachtacht. Le linn na bliana 2007 do chuir an *SDPI* an bhéim ar na réigiúin a leanas: gnéithe forbartha a bhain le pleanáil i roinn na n-ábhar mar mheasúnacht le haghaidh foghlamtha, fhoghlaim difreála agus dul chun cinn an mhic léinn a leanúint; pleanáil treorach sa scoil uile; athchóiriú bainistíochta agus forbartha in-scoile; féin-luacháil sa scoil; pleanáil an leanúnachais maidir le luacháil sa scoil uile agus cigireacht ar an ábhar; pleanáil *CPD* i gcomhthéacs *DEIS* ; forbairt dúnghaoisí um scoil uile maidir le raon ceisteanna agus san áireamh tacaíocht fhoghlamtha agus na mic léinn um riachtanais oideachasúla speisialta a chuimsiú.

Lean an Clár Tacaíochta Cnuasaithe den *SDPI* le scileanna oiliúna a sholáthar chun dea-chleachtadh a fhorbairt agus a roinnt amach mar ar rinne an dá scoil shamhraidh a chuir an *SDPI* ar fáil. Ba mhórghné d'obair an *SDPI* chomhoibriú le gníomhaireachtaí eile san soláthar oiliúna agus san ábhar acmhainne a ullmhú mar aon le bunú na dtionscadal a bhí ábhartha don phleanáil scoile.

Forbairt Ghairmiúil Inserbhise / Leanúnach (*CPD*) – Tacaíochtai eile Gairmiúla

An Scéim um Aisíoc Táille don Oide
Is é an cuspóir atá leis An Scéim um Aisíoc Táille don Oide ná chun ciste a sholáthar le haghaidh na gcostas a bhain le táillí cúrsa agus scrúdaithe a chaith oidí nuair a bhí cúrsaí ábhartha forbartha inghairme slánaithe go rathúil acu – agus na cúrsaí sin a bheith ceadaithe ag an Roinn agus ag an údarás scoile. Cuireadh €548,700 ar fáil sa bhliain 2007 don Scéim um Aisíoc Táille don Oide.

Forbairt agus Méadú ar an Scéim Chistithe Fhorlíonaidh um Líonraí Oidí Gairmiúla
Sa bhliain 2007 tháinig méadú ar an scéim chistithe fhorlíonaidh (*TPN*) chun obair na líonraí um oidí gairmiúla a thacú go ginearálta agus san áireamh na hoidí sin a cuir béim ar ábhair agus ar chláir. Tugann an cistiú sin tacaíocht do ghniomhaíochtai reatha agus pleanála. Tá níos mó ná 35 *TPN* ar fáil le haghaidh cistithe faoin scéim.

Forbairt Cheannais do Scoileanna (*LDS*)
Clár Náisiúnta é is ea Forbairt Cheannais do Scoileanna (*LDS*) a bhunaigh an An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE) sa bhliain 2002 chun forbairt ghairmiúil a chur ar aghaidh do phríomhoidí, do leasphríomhoidí agug dóibh siúd a bhfuil gafa i mbainistíocht scoile agus i gceannas oideachasúil sna scoileanna den chéad agus den dara leibhéal.

Bhí an ROE mar óstóir do chomhdháil *OECD* i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna 2007 chun na tuarascálacha um chúlra na tire ar "*Improving School Leadership*", a phlé. Ina dhiaidh sin déanfar an tuarascáil iomlán chomparáideach a fhoilsiú i lár na bliana 2008. Rinne an ROE agus an *LDS* araon an bhaint, a bhi ag Poblacht na hÉireann i ngníomhaíocht an *OECD*, a chomhordú.

Rinneadh €1.9 milliún a dháileadh don *LDS* le haghaidh na bliana 2007.

Tacaíochtaí Eile Oideachais

An Grúpa Idir-Ranna Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (*SPHE*)

Sa bhliain 2007 rinneadh grúpa ina raibh ionadaithe ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus ón Roinn Sláinte is Leanaí a aththionól. Ta an grúpa gafa anois sa phróiseas chun an meabhrán tuisceana a chomhlánú. Féachann an meabhrán ar gach ceist a dhéanann déileáil leis an tsláinte a chur chun cinn i gcomhtheacs an oide-oideachais. Tá socrú déanta chun meabhrán tuisceana a bhunú don Ghrúpa Idir-Ranna mar aon le téarmaí tagartha don *SPHE* agus don Chlár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile (ball den *SPHE*) a lean an Tuarascáil *Talbot*. Rinne an tuarascáil sin scrúdú ar na struchtúir bhainistíochta den *SPHE* (iarbhunoideachas)

Campaí Samhraidh á gCur ar Bun do Mhic Léinn Bhunscoile Mhibhuntáisteacha

Rinneadh clár píolótach le haghaidh campaí samhraidh a chur ar bun as Gaeilge le linn an chéad dá sheachtain de mhi Iúil 2007 do mhic léinn bhunscoile mhíbhuntáisteacha. Is é an cuspóir a bhí leis an gcampa ná chun fhoghlaim na Gaeilge a chur chun cinn i sli thaithneamh trí ghníomhaíochtaí eagraithe mar Ealaín, Spórt, rámaíocht agus Ceol.

Bhí gach campa acu ar siúl ar feadh seachtaine agus bhí 20 campa ann sa tír ar fad. Bhí acmhainn suas chomh fada le 600 mac léinn sna ranganna 4, 5 agus 6.

Boird Bhainistáichta

Sa bhliain 2007 rinne an Roinn scéim nua a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt go dhreamanna bainistíochta scoile le haghaidh oiliúna agus forbartha na mbord bainistíochta chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh a bheadh seasmhach le tusaíochtai náisiúnta agus Ranna.

Corpoideachas sa Timthriall Sóisearach (*JCPE*)

Sa bhliain 2007 rinne an *JCPE* clár píolótach "*Action For Life*" a fhorbairt agus a scaipeadh i gcomhairle leis an *Irish Heart Foundation*. Cuireann sé pacáiste acmhainne oideachasúil a sholáthar a bheidh praiticiúil agus éasca ina úsáid chun cabhrú le oidí agus iad ag déanamh pleanála chun cuid den churaclam *JCPE* i mbunscoileanna a theagasc.

I gcomhairle leis an tSeirbhis Oideachais i gCiarraí (*KES*) thosaigh tionscadal sa bhliain 2007 a chuir an bhéim ar chomhphobal cleachtais do gach Forbairt Ghairmiúil Leantach san *JCPE*.

Rinne an *JCPE* obair agus forbairt ar ghníomhaíochtaí eachtra agus san áireamh bhi treoshuí. Cuireadh an bhéim ar chaidreamh le gníomhaireachtai áitiúla chun cur chuige níos comhtháite a chumadh chun a leithéd de ghníomhaiochtaí a sheachadadh.

Tacaíocht le haghaidh Scoileanna agus Foirne scoile

Forbairt Churaclaim

Soláthraíonn an Roinn, i gcomhairle leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus measúnachta (CNCM), curaclaim agus siollabais mar aon le treoir lena gcur i bhfeidhm i mbunscoileanna agus i scoileanna dara leibhéal.

San Imlitir 044/2007, a rinneadh a eisiúint do bhunscoileanna i mí Iúil 2007, chuir si d'iacall orthu a dheimhniú go dtabharfaí 2.5 uair an chloig ar a laghad in aghaidh na seachtaine don Bhéarla mar Theanga 2, mar atá leagtha amach sa Churaclam Bunscoile agus nach ndéanfaí moill ar a leithéid thar thús an dara téarma sna Naíonáin Shóisearacha. É sin a chur i bhfeidhm le heifeacht ó 2007/8.

I mí na Bealtaine 2007, rinneadh Imlitir a eisiúint do scoileanna iarbhunoideachais ag cur in iúl dóibh gur rinneadh cinneadh na marcanna sa Bhéalscrúdú Gaeilge a mhéadú go dtí 40% sna scrúduithe le haghaidh gach iontrálaí nua ar scoil iarbhunoideachais i mí Mheán Fómhair 2007.

I mí Lúnasa 2007, d'fhógair an tAire go raibh an Roinn ag dul ar aghaidh le leasuithe sa Mhatamaitic ag an timthriall Sóisearach agus Sinsearach in iarbhunscoileanna. Is é an aidhm atá leis na leasuithe beartaithe ná an Mhatamaitic a dhéanamh níos ábhartha do shaolta agus do thaithí na mac léinn, rannpháirteach a dhéanamh do na scileanna airde agus chun tuilleadh mac léinn a spreagadh tabhairt faoin mhatamaitic ardleibhéil.

I mí Mheán Fómhair 2007, thosaigh ábhar nua sa Teicneolaíocht Ardteistiméireachta mar aon le siollabas athchóirithe i nGrafaic Dheartha & Chumarsáide. Déanfar an Teicneolaíocht agus Grafaic Dheartha & Chumarsáide a scrúdú don chéad uair i mí an Mheithimh 2009 agus ansin beidh an líon d'ábhair scrúdaithe ionann is 34 ar fáil do mhic léinn ag an timthriall sinsearach. Cuireadh cistiú €15.5 milliún ar fáil do gharluach 500 scoil a chuir an dá ábhar sin ar an gcuraclam ag leibhéal na hArdteistiméireachta le haghaidh trealaimh a uasghrádú. Tá Seirbhís Tacaíochta um Ábhair Theicneolaíochta (T4) ar fáil chun cabhrú le scoileanna na siollabais nua a chur i bhfeidhm.

I mí an Mhárta 2007, do sheol an tAire luacháil ar chur i bhfeidhm an ábhair, Oideachas Collaíochta agus Caidrimh (OCC), a chomhghlac an *Crisis Pregnancy Agency* agus an Roinn orthu féin. Rinneadh fíoraí dúnghaoise OCC a fhorbairt agus a phostáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

Bhí Clár Idirbhliana um Údarás Sábháilteachta Bóithre (*RSA TYP*) i 51 scoil sa scoilbhliain 2007/08.

Tacaíocht do Scoileanna agus don Fhoireann Scoile

Fíoraithe dúnghaoise dírithe ar ualach riaracháin a laghdú ar scoileanna

Tá sé mar dhualgas ar scoileanna roinnt doiciméad dúnghaoise a ullmhú chun cabhrú le bainistíocht agus leis an oibriú laethúil. Is gné thábhachtach é seo de phlean forbartha na scoile uile. I mí na Samhna d'fhoilsigh an Roinn trí cinn sa bhreis d'fhíoraithe dúnghaoise a chuimsigh Oideachas Caidrimh agus Collaíochta (*RSE*); Cosaint Sonraí agus Comhairlí Mac Léinn.

Tacaíocht Teanga

Sa bhliain 2007 rinne an Roinn an Imlitir *Meeting the needs of pupils for whom English is a second language* (*Imlitir 0053/2007*) a atheisiúint. Bhreacrianaigh an imlitir leasuithe an ról atá ag an oide tacaíochta teanga mar aon le measúnacht na ndaltai sin go mbeidh tacaíocht teanga uathu agus na critéir a bhain le dáileadh oidí tacaíochta teanga. Rinneadh an t-uaslíon de bheirt oide tacaíochta teanga a athlonnú ag uaslíon seisear oide tacaíochta in aghaidh na scoile. An leibhéal d'oidethacaíocht a dhéanfar a dháileadh, cinnfear é ag an líon de dhaltai cláraithe a mbeidh an Bhéarla mar dara teanga acu agus leibhéil mheasúnachta chomhpháirteacha na ndaltaí maidir le éifeacht teanga.

Mar thoradh air sin, bhí ardmhéadú ar an líon d'oidi tacaíochta teanga sna scoileanna

Oidí tacaíochta teanga (Coibhéiseach lánaimsertha)		
Leibhéal	***Tosú na scoilbhliana 2006 - 2007***	***Tosú na scoilbhliana 2007 – 2008***
Bunoideachas	802	1,500 go hachomair
Iarbhunoideachas	346	500 go hachomair

Litearthacht agus uimhearthacht

I mí na Nollag 2006, d'fhogair an Roinn do gach aon bhunscoil an riachtanas a bhí ann go mbeadh ar leanaí tástálacha a sheasamh sa léitheoireacht Bhéarla agus sa Mhatamaitic ag deireadh an chéad ranga nó ag tús an dara rang agus freisin ag deireadh an ceathrú rang nó ag tús an chúigiú rang. Tugadh éifeacht do na heagair sin on bhliain fhéilire 2007.

Déanfar torthaí na dtástálacha a cur in iúl do thuismitheoirí i leith a gcuid leanaí féinigh de réir an fhíoraí tuairisce ghinearálta a rinneadha dhearadh chun dul chun cinn foghlamtha na leanaí a thuairisciú do thuismitheoirí. Rinneadh an fíoraí sin a thástáil mar ábhar píolótach i roinnt scoileanna ar leith ag an CNCM sa scoilbhliain 2007/08.

Cuireadh €3m ar fáil sa bhliain 2007 mar chiste do na costais chur i bhfeidhm. Bhain na príomhspeansais le:

- costas na n-ábhar tástála le haghaidh na scileanna;
- clár monatóireachta náisiúnta a fhorbairt;
- oiliúint inseirbhíse d'oidí.

Rinneadh deontas €3.60 in aghaidh dalta a eisiúint do gach aon scoil i mí na Nollag 2007 chun íoc as costas na n-ábhar tástála, na lámhleabhar do na hoidí, na seirbhisí chun na tástálacha a ríomh nó bogearraí a bhain leis an tástáil sa léitheoireach Bhéarla

agus an Mhatamaitic. Bhí an deotas bunaithe ar an gclárú foriomláin sa scoil don bhliain roimhe sin. €1.7 an deontas imlán a iocadh do scoileanna sa bhliain 2007.

Iompar scoile

Sa bhliain 2007, bhain timpeall 136,000 dalta feidhm as an scéim iompair gach aon lá den scoilbhliain. Orthu siúd bhi 76,000 dalta iarbhunoideachais, 60,000 dalta bunoideachais ags san áireamh 9,000 leanaí um riachtanais speisialta ar 6,000 bealach bus go hachomair. Is é an costas ar an Roinn a bhí leis an scéim iompair scoile ná €172m sa bhliain 2007.

Bus Éireann a bhí i bhfeidhm na scéime ar son na Roinne. Ag an dara leibhéal, cabhraigh Príomh-Oifigigh Fheidhmiúcháin den CGO trí bheith ag feidhmiú mar oifigigh chaidrimh iompair.

Feidhmíonn cabhairlíne le haghaidh iompair scoile (1890 200 974) ón Luan go dtí Aoine.

Sa bhliain 2007, mar leanúnachas ar an bhfeachtas um eolas sábháilteachta a cuireadh chun seoil sa bhliain 2006, lean an feachtas um eolas ilmheáin ar aghaidh agus mar chuspóir aige daltaí agus tuismitheoirí a chur in eolas faoi chriosanna suiocháin i mbus scoile a úsáid. Is é a bhí sa bhfeachtas ná fograi ar an Teileafís agus sa cineama mar aon le fógra raidió a neartaigh an *DVD* speisialta agus an scaipeadh póstaeir sa bhliain 2006. Do ghríosaigh an feachtas, freisin, ar na leanaí iompar ceart sabháilteachta a bheith acu ar an mbus agus i ngar dó.

Cuireadh bord achomhairc neamhspleách um iompar scoile ar bun sa bhliain 2003. Is é feidhm an bhoird achomhairc ná chun scrúdú a dhéanamh ar achomhairc i gcoinne cinnidh a rinne an Roinn nó ar son na Roinne maidir le soláthar seirbhísí iompair agus/nó cúnamh deontais faoi théarmaí na scéimeanna um iompar scoile. Rinneadh déileáil le fiche a ceathair achomharc sa bhliain 2007.

Córas achomhairc le haghaidh mac léinn agus tuismitheoirí

Tugann Mír 29 den Acht Oideachais an ceart do thuismitheoirí agus do mhic léinn, a bhfuil 18 bliain d'aois slánaithe acu, achomharc a dhéanamh ar chinneadh ar leith an bhoird bhainistíochta scoile. Tá an córas achomhairc a fhoráltar faoin Acht ann ó mhí Mheán Fómhair 2001.

Achomhairc:	*2001*	*2002*	*2003*	*2004*	*2005*	*2006*	*2007*	*Iomlán*
San iarbhunoideachas	28	59	115	170	216	181	188	957
Sa bhunoideachas	1	15	49	83	84	85	195	512
Iomláin	29	74	164	253	300	266	383	1,469

D'fheadfaí achomhairc a dhéanamh maidir le cinneadh a bhaineann le: mac léinn a dhíbirt go buan, mac léinn a chur ar fionraí ón scoil ar feadh tréimhse a thabharfadh an tréimhse charnach de fhionraí suas chomh fada le 20 lá scoile in aon bhliain amháin, clárú mic léinn a dhiúltú.

Cuspóir 1.3: Déanfaimid raon tacaíochtaí agus seirbhísí a fhoráil do leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta ag cur as dóibh chun cabhrú leo a gcuid tualainge a bhaint amach.

Na riachtanais oideachasúla speisialta a sholáthar

Déanann an Roinn raon tacaíochtaí agus seirbhisí a fhoráil do leanaí a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta ag cur as dóibh. Áirítear sna tacaíochtaí sin oidí, cúntóirí um riachtanais speisialta, teicneolaíocht chabhrach, saintrealamh, eagair iompair speisialta agus caipitíocht mhéadaithe.

Sa bhliain 2007, bhí 7,673 oide tacaíochta foghlamtha coibhéiseach lánaimseartha i bpríomhscoileanna céad agus dara leibhéal. Ina theannta sin, sholáthair 1,155 oide sa bhreis gnéithe oideachais do leanaí ag freastal ar scoileanna speisialta.

Baintear feidhm as cúntóirí um riachtanais speisialta chun tacaíocht a thabhairt freisin do leanaí a bhfuil riachtanais chúraim speisialta ag teastáil uathu. Sa bhliain 2007 bhí farasbarr 9,800 cúntóir um riachtanais speisialta i mbunscoileanna, in iarbhunscoileanna agus i scoileanna speisialta.

Rinneadh infheistiú suntasach a chur i bhfeidhm maidir le soláthar gnéithe mar iompar, mar chóiríocht sainscoile, mar teagasc baile, mar theicneolaíocht chabhrach agus mar threalamh. Mar shampla, rinneadh níos mó ná €3 milliún a sholáthar ar shaintrealamh agus ar ábhair agus beagnach €50 milliún ar iompar scoile do dhaltaí um riachtanais speisialta.

Cúrsaí um riachtanais oideachasúla speisialta d'oidí

Leantar ar aghaidh le soláthar cúrsaí um riachtanais oideachais speisialta trí chaidreamh saothair idir an Roinn agus na hinstitiúidí tríú leabhéal. Soláthraíonn na hinstitiúidí seo clár dioplóma iarchéimi comhcheangailte d'fhorbairt leantach le haghaidh oidí atá gafa i dtacaíocht fhoghlamtha agus in oideachas speisialta. Cuireadh an cúrsa seo ar fáil don chéad uair sa bhliain 2006/07.

I 2007/2008, bhí 271 rannpháirtí (173 ón mbunoideachas agus 98 on iarbhunoideachas) ar an gcúrsa iarchéimí comhcheangailte do riachtanais oideachasúla speisialta agus don tacaíocht fhoghlamtha. Bhí 13 mac léinn ar an gcúrsa Máistir um Riachtanais Oideachasúla Speisialta agus bhí 17 ar an gcúrsa Teastais um Mhí-Ord Speictrim um Uathachas. Déantar an dá chúrsa sin a eagrú i gColáiste N. Pádraig, Droim Conrach.

Rinne seachtó a cúig oide a chlárú sa bhliain 2007 le haghaidh cláir nua *CPD* ar líne d'oidi i bpríomhbhunscoileanna agus iarbhunscoileanna san oideachas speisialta. Rinneadh an clár seo a chomhfhorbairt ag Coláiste N. Pádraig, Droim Conrach agus an Institiúid Eorpach um Oideachas agus Siceolaiocht do Leanaí (*ICEPE*). Soláthraíonn an cúrsa seo an roghnú d'oidi cáiliocht a bhaint amach trí theagasc ar líne agus bheith i láthair.
Tá straitéis curtha ar bun ag an Roinn chun na riachtanais fhorbartha ghairmiúla an phearsanra atá ag obair le leanaí um riachtanais oideachasúla speisialta. Beidh sé i

gceist mar sin ná mórmhéadú ar an raon de chláir oiliúna ghairmiúla iarchéimí a chur i bhfeidhm d'oidí sa réigiún um riachtnais speisialta mar aon le forbairt leanúnach ar an tSeirbhís Tacaíochta um Oideachas Speisialta (*SESS*) chun an fhoirceann scoile áitiúil a thacú. Tá 13 oide ar iasacht go lánaimseartha gafa anois san *SESS* mar aon le 16 comhpháirtí páirtaimseartha agus bhi teagmháil acu le 15,000 oide, abair, sa bhliain 2007.

Rinne an *SESS* foireann a cheapadh, freisin, sa bhliain 2007 de shaineolaithe iompair. Tá an fhoireann seo freagrach as cúrsaí a sholáthar agus a éascú d'fhorbairt ghairmiúil chun a chur ar chumas oidí na prionsabail iompair a chur i bhfeidhm sa churaclam le haghaidh na mac léinn sin ar a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta ag cur as dóibh.

Uathachas

Mar chuid den ghealltanas leantach na Roinne chun a dheimhniú go bhfaigheadh gach aon leanbh, iad san ar a bhfuil mí-ord speictrim um uathachas orthu san áireamh, an t-oideachas a bheadh ábhartha dá gcuid riachtanas, cuireadh na forálacha a leanas i bhfeidhm tráth deireanach na bliana 2007:

- níos mó ná 275 rang speisialta do leanaí ar a bhfuil uathachas orthu i bpríomhscoileanna agus i scoileanna speisialta;
- 23 rang luath-idirghabhála do leanaí ar speictream um uathachas;
- fuair oidí i 70 scoil dianoiliúint maidir le mi-oird speictrim um uathachas (*ASD*) sa b hliain 2007.
- 13 áis aonair a sholáthraíonn anailís um iompar feidhmeach um mhodh ar leith ar bhonn píolótach.

Chuir an Roinn cúrsa tríocha uair an chloig ar fáil ar anailís um iompar feidhmeach nua-aimseartha sa bhliain 2007. Rinne tríocha oide, a bhí ag obair le mic léinn um *ASD*, freastal ar an gcúrsa sin.

Sa bhliain 2007, ceadaíodh do scoileanna oidí a earcú chuig ranganna nua uathachais roimh an bhliainscoil nua chun oiliúint a oiriúnú sna hidirghabhálacha oideachasúla um uathachas ach go háirithe do na hoidi tríd an tSeirbhís Tacaíochta um Oideachas Speisialta. Cuireadh oiliúint ar fáil freisin do na cúntóirí um riachtanais speisialta a bhí i bhfeighil na ranganna sin.

Ionad den chéad scoth do na leanaí ar a bhfuil mi-oird speictrim um uathachas (*ASD*) ag cur as dóibh

Tá an Roinn Oideachais agus Eolaíochta mar aon leis an Roinn le haghaidh Oideachais i dTuairsceart Éireann comhghafa i bhforbairt an Ionaid *Middletown* le haghaidh Uathachais i gContae Ard Mhacha. Beidh an t-ionad dírithe ar dheiseanna oideachasúla a fheabhsú agus a shaibhriú do leanaí agus do dhaoine óga ar a bhfuil mí-oird speictrim um uathachas orthu.

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn na bliana 2007, ceapdh bord stiúracháin agus tionóladh an chéad chruinniú i mí an Mhárta. Chuaigh an príomh-fheidhmeanach i mbun gnótha i mí Aibreáin, ghlac ceann na ranna taighde is forbartha a phost i mí Mheán Fómhair agus mar an gcéanna i mí Dheireadh Fómhair i gcás cheann na

measúnachta agus na tacaíochta foghlamtha. Ceapadh ceann na seirbhisi corparáidí i mí na Nollag agus rachaidh sé i mbun gnóthaí ar 1 Eanáir 2008.

Thosaigh an t-ionad ar a chuid oibre maidir le soláthar agus ceimniú seirbhísí, ag tosú le seirbhísí um oiliúint / comhairle agus um thaighde fhaisnéise. Tiocfaidh na seirbhísí um mheasúnacht oideachasúil agus um thacaíocht fhoghlamtha chun sruthaithe nuair a bheidh an obair thógála comhlánaithe.

Thug an t-ionad faoi phróiseas comhairlithe ag deireadh na bliana 2007 ina raibh gach páirtí leasmhar mar aon le leanaí agus daoine óga, a raibh uathachas ag goiliúint orthu, gafa. Is é an cuspóir a bhí leis an gcomhairliú seo ná chun eolas a scaipeadh agus chun tráchtas a iarraidh maidir le seachadadh na seirbhisi beartaithe a dhéanfar a sholáthar ag an ionad.

Scéim Theagaisc sa Bhaile

Soláthraíonn an Scéim Theagaisc sa Bhaile cistiú do thuismitheoirí chun oideachas a chur ar fáil sa bhaile do leanaí nach bhfuil in ann freastal ar scoil de bharr roinnt fáthanna mar bhreoiteacht ainsealach. Rinneadh an scéim a leathnú amach le roinnt blianta anuas chun a chur ar chumas leanaí teagasc a fháil agus iad ag fanacht le ionad oiriúnach oideachasúil. Bhain timpeall 950 dalta feidhm as teagasc sa bhaile le linn na scoilbhliana a chriochnaigh i mí an Mheithimh 2007. Is é timpeall €6 milliún an costas bliantúil reatha atá ar Scéim Theagaisc sa Bhaile.

An Clár Oideachais i Mí Iúil

Tá an Clár Oideachais i Mí Iúil ar fáil do gach aon scoil speisialta agus gach príomhbhunscoil a dhéanann ranganna speisialta a thairiscint do leanaí ar a bhfuil uathachas orthu agus a roghnaíonn a gcuid seirbhísí oideachais a shíneadh trí mhí Iúil. Forálann an Roinn freisin do Chlár Iúil le haghaidh daltaí ar a bhfuil dianmhichumas / domhainmhichumas foghlamtha ginearálta. Sa chás nach mbeidh soláthar ar fáil sa scoil d'fheadfaí deontas a dháileadh do sholáthar sa bhaile tri an Scéim Theagasc sa Bhaile. Déanann an Roinn gach scoil intofa a spreagann pairt a ghlacadh sa tionscnamh seo ar mhaithe na ndaltaí i gceist. Bíonn méadú buan ar an líon scoileanna a dhéanann an clár a thairiscint ó thosaigh sé sa bhliain 2001 nuair a rinneadh sonraí a eisiúint do scoileanna ábhartha. Bhí iomlán78 scoil páirteach sa Chlár sa bhliain 2007.

Ceapacháin don Chomhairle Náisiúnta Oideachais Speisialta (*NCSE*)

I mí Eanáir 2007, d'fhógair an Roinn na ceapacháin do bhord den *NCSE* le haghaidh téarma trí bliana ag criochnú ar 31 Nollaig 2009. Áirítear feidhmeanna na Comhairle mar:

- taighde a dhéanamh agus sainchomhairle a sholáthar don Aire Oideachais agus Eolaíochta ar riachtanais leanaí ar a bhfuil míchumas mar aon le soláthar seirbhisi gaolmhara;
- foráil le haghaidh raon seirbhísí ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta i dtreo is go ndéanfaí riachtanais oideachasúla na leanaí sin, ar a bhfuil míchumas, a shainaithint agus a fhoráil, agus;

- an soláthar oideachais agus seirbhísí tacaíochta gaolmhara do leanaí ar a bhfuil míchumas orthu a chomhordú le boird sláinte, le scoileanna agus le dreamanna ábhartha eile.

An tAcht 2004 um Oideachas do Dhaoine ar a bhfuil Riachtanais Oideachasúla Speisialta uathu (*EPSEN*)

Tá gealltanas iomlán tugtha ag an Roinn do chur i bhfeidhm an Achta um Oideachas do Dhaoine ar a bhfuil Riachtanais Oideachasúla Speisialta uathu 2004 (EPSEN). Tá an obair ag dul ar aghaidh chun féachaint chuig na ceisteanna dúnghaoise agus chun bunús feidhmiú céimiúil an Achta a bhunú. An obair ullmhúcháin atá ag teastáil sula bhféadfaí an *EPSEN* a thosú go hiomlán, tá sí ag dul ar aghaidh go pras. Sa chomhthéacs seo:

- bhuail an Roinn leis na páirtithe oideachais le linn na bliana 2007 chun a gcuid smaointe a fháil ar chur i bhfeidhm an *EPSEN* ;
- bhí an Roinn páirteach i bhfoireann i gcros-earnáil Sláinte / Oideachais chun a dheimhniú go rachaidh ceisteanna a bhaineann leis an Acht *EPSEN* agus san am céanna leis an Acht Míchumais 2004 ar aghaidh lámh ar lámh;
- cheap an Roinn na baill don túsbhord den Bhord Achomhairc um Oideachas Speisialta chun a dheimhniú go mbeadh nósanna imeachta agus próisis ar fáil chun achomhairc faoin Acht *EPSEN* a cheadú tráth na míreanna ábhartha den Acht a bheith tosaithe;
- rinne an Roinn ranníocaíocht do na caighdeáin ar na riachtanais mheasúnachta a foilsíodh sa hliain 2007;
- bhí an Roinn rannpháirteach sa mheitheal inmheánach chun freagra a ullmhú ar thuarascáil fheidhmithe an *NCSE* ;
- rinne an Roinn an Imlitir 0051/2007 a eisiúint i mí an Mheithimh 2007 a sholáthar stádas cothrom le dáta ar an Acht *EPSEN* 2004 agus ar an Acht Míchumais 2005d'údaráis bhainistíochta bhunscoileanna.

Conhordú idir oideachas agus seirbhísí sláinte maidir le leanaí a thacú ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta uathu

Bunaíodh foireann chros-earnála i mí Dheireadh Fómhair 2006 ina raibh tinreamh ag oifigigh sinsearacha na Roinne Sláinte agus Oideachais, ag an Feidhmeanach Seirbhísí Sláinte (*HSE*) agus ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (*NCSE*). Rinne an fhoireann sin a cuid oibre chun a dheimhniú go rachaidh na heagair do fheidhmiú Coda 2 den Acht Michumais agus den Acht *EPSEN* ar aghaidh lámh ar lámh ag cur san áireamh acmhainní agus tionchar an dá earnáil i gceist. Tháinigh an fhoireann chros-earnála le chéile ar bhonn rialta chun fadhbanna fiarghearrthacha a shainaithint agus a réiteach i gcomhar le chéile.

Athbhreithniú scoileanna speisialta mar aon le ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha

Thosaigh athbhreithniú scoileanna agus ranganna speisialta sa bhliain 2006 i gcomhthéacs an bheart de riachtanais speisialta. Tá dhá shraith i bpróiseas an

athbhreithnithe. Rinneadh sraith 1 a chomhlánú sa bhliain 2007. Déanfar an dara sraith a bhainistiú ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus beidh comhairle níos leithne le scoileanna agus le rannpháirtithe eile i gceist.

Deontais Chaipitíochta

Cinneadh na bliana 2006 chun leibhéal na caipitíochta a mhéadú faoi níos mó ná 30% le haghaidh scoileanna agus ranganna speisialta, cuireadh a leithéid i bhfeidhm sa bhliain 2007.

Tacaíocht riaracháin

Rinneadh raon de ghnéithe nua a chur ar bun sa bhliain 2007 chun acmhainn scoileanna a fheabhsú maidir leis na riachtanais oideachasúla a fheidhmiú dá gcuid leanaí uile. Is é an aidhm a bhí leis na gnéithe sin ná chun an iompar riaracháin ar phríomhoidí a laghdú.

Áirítear sna gnéithe nua sin:

- An dáileadh oidí sa bhreis chun a cheadú do gach leasphríomhoide i scoileanna ina bhfuil 24 oide ranga príomhshrutha, nó níos mó, feidhmiú mar leasphríomhoidí riaracháin;

- An dáileadh oidí sa bhreis chun a cheadú do leasphríomhoidí i scoileanna príomhshrutha feidhmiú mar leasphríomhoidí riaracháin sa chás go mbíonn orthu, mar bhreis ar a gcuid gnáthoidi ranga príomhshrutha, déileáil le cúig nó níos mó de ranganna speisialta do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta níos casta agus ar íseal tarlú;

- Déanfar an Príomhoide a cheapadh ar bhonn riaracháin sa chás go bhfuil Príomhoide agus ceathrar nó cúigear oide ranga príomhshrutha sa scoil agus go bhfuil, mar bhreis air sin, aonad uathachais speisialta bunaithre faoi chead na Comhairle Náisiunta um Oideachas Speisialta. Déantar aonad uathachais a shainmhíniú mar dhá rang uathachais ar leith agus soláthar do do leanaí níos óige ar a bhfuil uathachas i.e. acmhainn iomlán de 12 – 18 leanbh ar a bhfuil uathachas.

An Clár SEN Cros-Teorainne um Thuismitheoir, Comhphobal agus Rannpháirti Scoile

Tá an Clár SEN Cros-Teorainne um Thuismitheoir, Comhphobal agus Rannpháirti Scoile ag feidhmiú ó mhí Mheán Fómhair 2006. Is é an aidhm atá leis an tionscnamh seo ná chun scoileanna, tuismitheoiri agus a gcuid comhphobal a thabhairt le chéile mar mheitheal trí líonrai áitiúla éifeachtúla a bhunú i dtreo is go mbeadh na scoileanna i gcroílár cláir struchtúir baile agus scoil. Is é an cuspóir ar leith atá leis tionscadal ná chun cáilíocht an tsoláthair oideachasúil a fheabhsú do na leanaí sin a ainmnítear mar dhaoine go bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta uathu sna réigiúin ar theorainn Thuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann.

Sa bhliain 2007, bhí 10 scoil i dTuaisceart Éireann agus 11 i bPoblacht na hÉireann mar aon le beirt chomhairleoir uathachais agus beirt teiripic urlabhra agus teanga

gafa. Bhí 784 oide agus cuntóir i gceist mar aon le 7,490 tuismitheoir agus 63 gairmí sláinte.

An tSeirbhís Náisiúnta um Shiceolaíocht Oideachasúil (*NEPS*)

Bunaíodh an tSeirbhís Náisiúnta um Shiceolaíocht Oideachasúil (*NEPS*) sa bhliain 1999 chun tacaíochta thabhairt d'fhorbairt phearsanta, shóisialta agus oideachasúil gach aon leanbh i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna trí theoiric shiceolaíochta agus chleachtaidh a fheidhmiú san oideachas, na leanaí a bhí riachtanais oideachasúla speisialta uathu i gceist ach go háirithe

Le linn na bliana 2007, ceapadh 13 siceolaí sa bhreis don tseirbhís. De thoradh sin, tháinigh méadú sa bhliain 2007 ar a lion siceolaithe ó 128 go dtí 138 a ceapadh sa tseirbhis agus san áireamh triúr siceolaí a dáileadh ar an tSeirbhís Náisiúnta um Thacaíocht Iompair (*NBSS*).

Le linn na bliana acadúla 2006/07 dáileadh siceolaithe *NEPS* ar timpeall 48% de bhunscoileanna a Léiríonn 59% de dhaltai bunscoileanna agus 77% d'iarbhunscoileanna agus daltaí. De thoradh an fháis a luadh thuas, faoi líon na mball foirne, tháinigh méadú ar an leibhéal cuimsithe go dtí 52% de bhunscoileanna (63% de dhaltaí) agus 84% d'iarbhunscoileanna (83% de dhaltaí) faoin Nollaig 2007. Léiríonn sé seo go raibh méadú ó 67% go dtí 74% ar chuimsiú daltaí trasna na scoileanna uile sa thréimhse.

Rinne na siceolaithe *NEPS* cásobair le níos mó ná 5,700 dalta ainmnithe agus rinneadh freastal ar timpeall 4,260 dalta aonair sa mhodh sin faoin Scéim um Mheasúnachtaí Siceolaíochta Údaraithe (*SCPA*). Ina theannta sin, ceaptar gur thug na siceolaithe *NEPS* breathnaithe, comhairle agus cúnamh d'oidí agus d'údaráis scoileanna maidir le 5,000 dalta neamhainmnithe sa bhreis.

Lena chois sin, de bharr iarratas ó Choimisiún na Scrúduite Stáit, rinneadh beagnach 2,800 iarrthóirí a phróiseáil ag na siceolaithe *NEPS* faoin scéim um Chóiríocht Réasúnta sna Scrúduithe Teastais (*RACE*).

Le linn na bliana 2006/07 rinneadh tacaíocht a sholáthar ag na siceolaithe *NEPS* do scoileanna i roinnt eachtrai criticiúla. Is é a bhí i gceist ná

- cabhrú le bainistíocht scoileanna an scoil agus a cuid acmhainní a slógadh agus córais eile tacaíochta a rochtain díreach tar éis na heachtra;
- mic léinn faoi bhaol go bhfuil cabhair uathu a shainaithint ;
- cabhrú leis an bhfoireann chun mic léinn a thacú.

Rinneadh *Critical Incidence Advisory Pack for Schools*, cothrom le dáta (eisithe don chéad uair sa bhliain 2004/05) a chomhlánú sa bhliain 2007.

Foilseachán

Rinne an *NEPS* an cháipéis *Special Needs Education – A Continuum of Support* a fhorbairt agus a fhoilsiú. Déanann na treoirlínte seo cur síos ar shamhail chun fadhb a réiteach go céimiúil maidir le measúnacht dalta agus idirghabháil i scoileanna agus a ghluaiseann ó idirghabhálacha simplí bunaithe ar an seomra ranga go dtí idirghabhálacha aonair agus níos sonraithe. Rinneadh cóip de na treoirlínte agus paca

acmhainne ag gabháil leo chuig gach aon oide bunoideachais go déanach sa bhliain 2007.

Soláthar na teicneolaíochta úsáidí

Sa bhliain 2007 rinneadh deontas níos mó ná €540 000 a eisiúint don teicneolaíocht úsáideach le haghaidh 373 dalta ar a raibh riachtanais speisialta uathu agus a bhí ag freastal ar iarbhunscoileanna.

Cuspóir 1.4:Déanfaimid oibriú éifeachtúil a fhoráil do scrúduithe teastais stáit.

Bunaíodh an Rialtas an Coimisiún Scrúduithe Stáit i mí a Márta 2003 agus tá freagracht reachtúil aige as gnóthaí feidhmithe maidir leis na scrúduithe teastais.

Ba 2007 an ceathrú bliain iomlán feidhmithe don Coimisiún Scrúduithe Stáit. Foilsíonn an Coimisiun tuarascáil bhliantúil atá ar fáil ar a láithreán gréasáin www.examinations.ie. Sa bhliain 2007, sheas beagnach 54,000 iarrthóir an tArdteistiméireacht agus thar 57,000 iarrthóir an Teastas Sóisearach.

I mí na Bealtaine 2007, eisíodh imlitir do na scoileanna iarbhunoideachais ag cur in iúl dóibh gur rinneadh cinneadh chun na marcanna don scrúdú béil sa Ghaeilge a mhéadú go 40% sna scrúduithe le haghaidh gach iontrálaí nua do scoil iarbhunoideachais i mí Mheán Fómhair 2007. Cuirfear éifeacht leis na hathruithe sin i scrúdú an Teastais Shóisearaigh na bliana 2010 agus san Ardteistiméireacht na bliana 2012. I gcás iarrthóirí san Ardteistiméireacht Fheidhmeach tá foráil ann a chuirfidh ar chumas na mac léinn a gcuid scrúdaithe béil a chomhlánú sa chéad bhliain den chlár Ardteistiméireachta. I gcás na mac léinn a roghnóidh a leithéid, tarlóidh an t-athrú i scrúdú na bliana 2011.

Rinneadh dhá theanga neamhchuraclaim a thairiscint i scrúdú na bliana 2007 – Bulgárach agus Románach – ionann sin agus 15 an líon iomlán de theangacha neamhchuraclaim ar fáil anois le haghaidh scrúdaithe.

AIDHM ARDLEIBHÉIL 2 – An tSochaí Chuimsitheach a Thacú

Déanfaimid, tríd an oideachas, sochaí chuimsitheach sóisialtach a thacú ina mbheidh deiseanna cothroma inti do chách.

Cuspóir 2.1:Déanfaimid, tríd an oideachas, ranníocaíocht d'fheidhmiú agus d'fhorbairt maidir le Dúnghaois Chuimsitheach Shóisialta an Rialtais agus leanfaimid orainn sprioc-chláir thacaíochta a sholáthar agus a athbhreithniú do leanaí a fhulaingíonn nó atá ar baol fulaingthe míbhuntáiste oideachasúil agus luathfhágáil scoile.

Déanann an Roinn an raon de mhíbhuntáiste oideachasúil agus tionscnaimh maidir le luathfhágáil scoile a bhainistiú mar aon le monatóireacht agus acmhainni a dhéanamh ina leith laistigh de na cuspóirí agus spriocanna dúnghaoisí aontaithe.

DEIS (Cothromaíocht Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna)

Sa bhliain 2005, do sheol an Roinn *Delivering Equality of Opportunity in Schools – DEIS*, plean gníomhach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais oideachasúla leanaí agus daoine óga i gcomhphobail mhíbhuntáisteacha. Tá an plean gníomhach dá chur i bhfeidhm go céimiúil thar cúig bliana. Faoin tionscnamh *DEIS*, do sholáthar an Roinn cúnamh airgeadais do scoileanna a bhí chomh mór le beagnach €19m sa scoilbhliain 2007/08 Mar chuid den phlean gníomhach *DEIS*, cuireadh na gnéithe breacrianaithe thíos i bhfeidhm.

Athruithe eagraíochta sa chlár *DEIS*

- Iarradh ar an Ionad Taighde Oideachasúil (*ERC*) luacháil neamhspleách a dhéanamh ar ghnéithe *DEIS* thar thréimhse an phlean ghníomhaigh go dtí 2010
- Na scoileanna sin nach raibh cáilithe le haghaidh *DEIS* agus go raibh acmhainní sa bhreis ar fáil acu, ceadaíodh dóibh na tacaíochtaí sin a choinneáil chomh fada is go raibh *DEIS* ar siúl.
- Rinneadh timpeall 1900 bunscoil a thacú ina gcuid iarrachtaí déileáil le míbhuntáiste oideachasúil níos scaipthe i scoileanna.

Athruithe riaracháin i scoileanna

- Méid ranga laghdaithe go dtí 20:1 i ranganna sóisearacha agus go dtí 24:1 i ranganna sinsearacha i mbunscoileanna uirbeacha a dhéanann déileáil le comhphobail atá ar mhíbhuntáisteach is mó.
- Príomhoidí riaracháin ceaptha i ngach bunscoil uirbeach agus iad bunaithe ar chlárú agus ar uimhreacha um bhaill foirne níos isle ná mar a fheidhmítear i mbunscoileanna go ginearálta.
- Rinneadh fíoraithe don phlean gníomhach scoile trí bliana a chur ar bun sa bhunsraith de scoileanna *DEIS* agus tá siad á bhforbairt do na scoileanna dara leibhéal sa chlár *DEIS*.

Gnéithe chun litearthacht agus uimhearthacht a fhorbairt

- Ceapachán de leaschomhordai náisiúnta nua de Chlár Tacaíochta Curaclaim Bhunscoile mar aon le cuiditheoirí (teagascóirí litearthachta);
- Rinneadh síneadh ar Chlár Aisghabhála na Léitheoireachta go dti scoileanna i gCill Coinnigh agus cuireadh an dara ionad oiliúna ar bun iu mBaile Átha Cliath. Baineann timpeall 190 bunscoil *DEIS* feidhm as an gClár anois;
- Ta tosú déanta ar Chlar Aisghabhála na Matamaitice i gcás 102 Scoil *DEIS*;
- Rinneadh síneadh ar Thionscadal Léirithe na Leabharlainne go dtí 10 iarbhunscoil sa bhreis sa bhliain 2006/07;
- Cuireadh bun le Tionscadal Litearthachta Teaghlaigh nua. I dtús an tionscadail bhí sé mar ábhar piolótach i seacht réigiún;
- Laistigh den Scéim Dheontais um Leabhair Scoile, soláthraíodh cistiú €1.7 sa bhreis le haghaidh scoileanna *DEIS*.

Tacaíochtaí eile le haghaidh scoileanna *DEIS*

- Rinneadh seirbhísí um Chaidreamh Baile / Scoile / Comhphobail a shineadh go dtí scoileanna *DEIS* ar bith nach bhfuair sochar fós uathu.
- Rochtain ar Chlár Béilí Scoile a fheidhmíonn an Roinn Sóisialta agus Gnóthai teaghlaigh agus a rinneadh a shineadh go dti gach scoil *DEIS*. Is féidir le gach aon cheann de na 873 scoil *DEIS* iarratas a éileamh a bheith rannpháirteach sa Chlár Béilí Scoile.
- Rinneadh Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh mar aon le Clár Feidhmeach na hArdteistéimearachta a shineadh go dti 30 scoil sa bhreis.

Oideachas don lucht siúil

- Is é an dúnghaois mar ar leagadh amach í sa "*The Report and Recommendations for a Traveller Education Strategy*" a seoladh sa bhliain 2006, ná chun druidim i dtreo soláthar iomlánaithe le haghaidh seirbhisí don Lucht Siúil ó réamhscoil go dtí ardoideachas agus oideachas sa bhreis laistigh de chomhthéacs foghlamtha fadsaoil.

- De réir moltaí na tuarascála bainfear feidhm as an bprionsabal "um riachtanas oideachas aonair" seachas as "sainaithint an Lucht Siúil" mar critéar chun acmhainní sa bhreis a sholáthar do gach aon leanbh, leanaí an Lucht Siúil san áireamh.

- Tá an Grúpa um Chur i bhFeidhm ag leanúint lena gcuid oibre chun moltaí na tuarascála a chur i bhfeidhm. Is é is cuspóir na Roinne maidir le oideachas don Lucht Siúil ná chun a chur ar chumas an Lucht Siúil rannpháirteach a ghlacadh ar mhodh cothrom i seirbhísí na n-úsáideoirí eile trí sholáthar iomlánaithe um phríomhshruth oideachasúil.

Iontrálaithe Nua Idirnáisiúnta a Iomlánú

Bunaíodh Aonad Iomlánaithe sa Roinn i mí Dheireadh Fómhair 2007. San áireamh i dtúsobair an Aonaid rinneadh chaidreamh le Coimisinéir um Chomhairle Eorpach um Chearta Daonna agus cruinniú le hionadaithe ón gCoimisinéir Eorpach i gCoinne Ciníochais agus Éadulaingthe (*ECRI*) agus ón gComhshocrú Creatlaigh le haghaidh Chosaint na Mionlach Náisiúnta (*FCNM*). Bhí an Roinn, i gcomhairle le Oifig an Aire Iomlánaithe, gafa le comhairleoirí in ullmhú tuarascála le haghaidh moltaí do dhúnghaois agus creatlach náisiúnta na teanga Béarla d'inimirceacha aosacha cónaithe go dlíthiúil.

Sa bhliain 2007 tugadh coimisiún don Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Soisialta chun staidéar a dhéanamh ar cad é an tionchar atá ag an éagsúlacht mac léinn, atá de shíor ag méadú, ar na hacmhainní a bheidh ag teastáil mar aon les an teagasc agus an fhoghlaim ó lá go lá. Thosaigh an taighde sa bhliain 2007 agus tá súil leis an tuarascáil i bhfómhar na bliana 2008.

Foilseacháin

Foilsíodh sa bhliain 2007 *The Toolkit for Diversity in the Primary School – Together towards Inclusion* – tionscnamh Thuaidh / Theas. Foilsíodh, freisin, sa bhliain 2007 leagan cruachóipe de thuarascáil na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) *Intercultural Education in the Post-Primary School.*

Cuspóir 2.2: Déanfaimid oideachas cuimsitheach sa bhreis den chéad scoth a fhorbairt mar aon le córas oiliúna ghairmiúil, le haghaidh daoine óga agus aosaigh, a bheidh ábhartha do riachtanais sóisialta agus eacnamaíochta.

Cláir

Gairmscéim Deise agus Oiliúna (*VTOS*)

Is é atá i *VTOS* ná clár don dara rogha oideachais agus don oiliúint le haghaidh daoine neamhfhostaithe atá os cionn 21 bliain d'aois agus go bhfuil dírithe ach go háirithe ar na neamhfhostaithe fad téarma go bhfuil íocaíochtaí ar leith um leas sóisialta ar fáil acu. Leanann na cúrsaí ar feadh suas le dhá bhliain agus tá teastais ar fáil ag raon leibhéal mar chláir nó modúil Shóisearacha agus Ardteistiméireachta agus dámhachtainí ar fáil ag an deireadh agus iad deimhnithe ag an gComhairle Dhamhachtaine um Oideachas agus Oiliúint sa Bhreis (*FETAC*)

Chuaigh beagnach seachtó a dó faoin gcéad de na mic léinn a chomhlánigh an clár *VTOS* ar agaidh d'fhostaíocht nó d'oideachas sa bhreis nó do chláir oiliúna. Tá áiteanna do 5,000 ag *VTOS* gach aon bhliain a dhéantar a dháileadh ar Choistí Gairmoideachais agus déantar cúrsaí a thairiscint i 104 ionad tríd an tír. Ba €68.3 an t-iomlán a chosain an pá agus an caiteachas neamhphá sa bhliain 2007.

Litearthacht Aosaigh / Oideachas Comhphobail

Is é atá i gceist maidir leis na cláir um Litearthacht Aosaigh agus Oideachas Comhphobail ná scileanna um bhunoideachas a sholáthar mar léitheoireacht, scríobhnóireacht, litriú agus uimhearthacht do aosaigh nach leor a gcuid scileanna le haghaidh rannpháirtíochta sa ghnáthshaol. Áirítear iontu freisin, forbairt phearsanta, conas fhoghlaim a bhaint amach agus scileanna Theicneolaíocht Faisnéise (*IT*)

Déantar cistiú a sholáthar do na seirbhísí um litearthacht aosaigh agus oideachas comhphobail trí na deontais bhliantúla don earnáil um Choiste Ghairmoideachais (C.G.O.). Trí chistiú a chur ar fáil don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Litearthacht Aosaigh (*NALA*) thug an Roinn tacaíocht, freisin, do na riachtanais fhorbartha inghairme na foirne teagaisc a bhíonn gafa i seachadadh na Seirbhíse CGO um Litearthacht Aosaigh. Déantar cistiú do theagasc an Bhéarla le haghaidh iad siúd a labhrann Teangacha Eile (*ESOL*) a sholáthar tríd an mbuiséad um litearthacht aosaigh.

Rinneadh cistiú a sholáthar le haghaidh sprioc-clár litearthachta ar leith mar Litearthacht don Dall, Litearthacht Teaghlaigh, Litearthacht do Dhaoine atá disléicseach agus Liteathacht san Ionad Saothair.

Sa bhliain 2007 rinneadh cistiú €7.4 milliún sa bhreis a sholáthar do ghníomhaíochtaí um liteaethacht aosaigh ags um oideachas comhphobail agus de thoradh sin bhí an t-iomlán cistithe don litearthacht aosaigh ionann is beagnach €30 milliún agus don Chlár um Oideachas Comhphobail ionann is €10 milliún. Chuir a leithéid ar chumas chistiú a sholáthar don earnáil CGO chun 3000 áit litearthachta sa bhreis a dháileadh ar aosaigh mar ar gealladh faoi "*Towards 2016*" – Comhaontú Rannpháirteach Sóisialta. Cheadaigh sé freisin an cistiú a dhúbailt go dtí €2 milliún don Dianteagasc sa Scéim Aosach um Oideachas Bunúsach. Do shroich an líon foghlaimeoirí a bhain feidhm as an tseirbhís litearthachta aosaigh a sholáthar an earnáil CGO beagnach 44,000 sa bhliain 2007. Is é 5000 an líon a bhí ann sa bhliain 1997.

Sa bhliain 2007 do sholáthair an Roinn cistiú le haghaidh seacht dtionscadal um litearthacht teaghlaigh faoi *DEIS* – An Scéim um Litearthacht Teaghlaigh. Fuair gach aon tionscadal €20,000.

Do sholáthair an Roinn cistiú freisin do thionscadail ilmheáin chumarsáide, a chum *NALA*, sa bhliain 2007. Bhí an tSraith TV *The Really Useful Guide to Words and Numbers*, ar siúl ar feadh 24 clár ar RTÉ go dtí Aibreán 2007. Rinneadh sraith nua a scannánú ag deireadh an bliana 2007. Tá sé mar chuspóir ag an tsraith nua seo saolta 11 foghlaimeoir aosach a chur ar phár de réir mar a théann siad ar aghaidh tríd an gcúrsa dianfhoghlamtha 8-seachtaine, a cuireadh le chéile mar chúrsa speisialta. Déantar an cúrsa seo a bhailí ag an gComhairle Dhámhachtaine um Oideachas agus Oiliúint sa Bhreis (*FETAC*).

Ógtheagmháil

Is é is Ógtheagmháil ann ná clár iomlánaithe oideachais, oiliúna agus taithi shaothair a cuireadh ar bun le FÁS sa bhliain 1989 le haghaidh daoine óga san aoisghrúpa 15-20 a d'fhág scolaíocht go luath gan cháilíocht ar bith ná oiliúint ghairmiúil. Déantar Clár Ógtheagmhála na Roinne Oideachais agus Eolaíochta a fheidhmiú ag na Coisti Gairmoideachais.

Cuireann an Clár dhá bhliain de ghnáth d'oideachas iomlánaithe, d'oiliúint agus de thaithí shaothair ar fáil. Gnéithe an chláir is ea oiliúint bhunscileanna, oiliúint phraiticiúil shaothair agus oideachas ginearálta agus déantar feidhmiú na teicneolaíochta nua a iomlánaigh isteach do gach gné d'ábhar an chláir. Soláthraíonn an clár dianbhéim ar fhorbairt phearsanta, ar na bunscileanna litearthachta / uimhearthachta, cumarsáide agus *IT* mar aon le roghanna gairmiúla agus clár um thaithí shaothair

Rinneadh 400 áiteanna sa bhreis a dháileadh sa bhliain 2007 agus de thoradh sin bhí an dáileadh iomlán ionann is 3692. Faigheann rannpháirtithe in Ógtheagmháil liúntas oiliúna seachtainiúil. Tá siad i dteideal freisin tacaíocht um chúram leanaí.

Rinneadh Tionscnamh Speisialta um Riachtanais Oideachasúla a chur ar bun mar ábhar piolótach i fiche ionad Ógtheagmhála sa bhliain 2007. An chuid is mó de na tacaíochtaí praiticiúla in iarbhunscoileann príomhshrutha do dhaoine óga míbuntáisteacha nó dóibh siúd a mbíonn riachtanais oideachasúla speisialta uathu, níl a leithéid ar fáil d'ionaid Ógtheagmhála agus níl siad ionaistrithe, fiú, leis an bhfoghlaimtheoir. Déantar déileáil leis an aimhrialtacht seo trí tionscnamh a chur ar bun do 25 grúpa Ógtheagmhála i dtús báire. Beartaítear an tionscnamh a shíneadh do gach ionad Ógtheagmhála tar eis é a luacháil agus faoi réir acmhainni a bheith ann chuige.

€2m an costas atá ar an tionscnamh piolótach don bhliain 2007. Roghnaíodh fiche ionad Ógtheagmhála chun dul i bhfeidhm an tionscnaimh phíolótaigh. Bhí grúpaí de 25 mac léinn i roinnt ionad agus bhí grúpaí níos líonmhaire in ionaid eile.

Ionaid Oiliúna don Lucht Siúil Sinsearach

Feidhmíonn Ionaid Oiliúna don Lucht Siúil Sinsearach ar an mbonn céanna mar Ógtheagmháil ach nil aon uasteora aoise. Déantar eifeachtaí ar leith chun tuismitheoiri den Lucht Siúil a mhealladh do na haonaid mar tuigtear go mbeadh tionchar ag a leitherid ar ar scolaíochta a gcuid leanaí. Tá 33 Ionaid Oiliúna don Lucht Siúil Sinsearach a sholathraíonn clár lasmuigh den scoil don Lucht siúil agus béim ar leith curtha acu ar na riachtanais chultúrtha de chomhphobal an Lucht Siúil. Soláthraíonn na hionaid oideachas iomlánaithe, oiliúint agus taithi shaothair mar chlár don Lucht Siúil um luathfhágáil scoile den aois 15 agus níos sine. Sa bhliain 2007 bhí 1,084 oiliúnóir ar an gclár sin.

An clár Iar-Ardteistiméireachta (*PLC*)

Soláthraíonn an Clár Iar-Ardteistiméireachta oideachas ginearálta iomlánaithe, oiliúint ghairmiúil agus taithi shaothair do dhaoine óga go raibh an dara leibhéal uachtarach oideachais slánaithe acu nó a choibhéis. Is é an príomhchuspóir atá aige ná chun tulainge fostaíochta na ndaoine óga sin a mhéadú. Tá an Clár Iar-Ardteistiméireachta dírithe ar iad san go bhfuil an timthriall sinsearach nó a choibhéis slánaithe acu. Ceadaíodh timpeall 30,188 áit *PLC* sa bhliain acadúil 2007/2008.

Tionscadal um Oideachas a Athbhlaiseadh (Páirtaimseartha)

Thosaigh an TOA i mí Dheireadh Fómhair 2002 agus forálann sé le haghaidh síneadh na roghanna páirtaimseartha solúbtha trasna an Oideachais sa Bhreis. Tugann sé tusaíocht do na haosaigh sin nach bhfuil acu ach oideachas níos lú ná a dara leibhéal uachtarach. Tá sé mar chuspóir ag an gclár i gcás na n-aosach ar mian leo filleadh ar oideachas an deis a ghlacadh filleadh ar fhoghlaim a chomhordú le teaghlaigh, le

saothar agus le freagrachtaí eile. Déantar na cláir a thairiscint ar bhonn páirtaimseartha ar maidin, um thráthnóna san oíche agus ag deireadh seachtaine.Tá méadú tagtha ar na rátaí rannpháirtithe ó 11,243 sa bhliain 2003 go dtí 25,860 sa bhliain 2007.

1,000 additional places were provided on the BTEI programme in 2007.

Rinneadh na critéir intofa don *BTEI* a leasú chun saortheagasc a cheadú, le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2007, d'aosach ar bith nár shroich an dara leibhéal uachtarach oideachais.

Seirbhisí Tacaíochta

Seirbhísí treoracha

Rinneadh dhá Thionscadal nua um Threoir Aosach a cheadú sa bhliain 2007 agus de thoradh sin bhí an t-iomlán tionscadal cothrom le 40. Rinneadh an gnó a dhearadh chun rochtain ar Litearthacht Aosach, ar *VTOS*, ar *BETI* agus ar chláir um Oideachas Comhphobail a bhaint amach san earnáil oideachais sa bhreis. Ligeadh iarmhair na mí-úsaide cónaithe isteach le déanaí mar aicme eile.

Cúram leanaí

Chuir an Roinn cistiú €6.35m ar fáil do Choistí Gairmoeachais (*VECs*) sa bhliain 2007 chun cabhrú le caiteachais de bharr cúram leanaí le haghaidh rannpháirtithe sa Ghairmscéim Déiseanna Oiliúna (*VTOS*), sa Tionscnamh um Oideachas a Athbhlaiseadh (*BTEI*), in Ógtheagmháil agus sna cláir um Ionad Sinsearach don Lucht Siúil. Is é an cuspóir a bhí taobh shior na gnéithe sin ná chun daoine nach raibh in ann clárú sna cláir, de bharr freagrachtai um chúram leanaí, a mhealladh isteach.

Cuspóir 2.3: Déanfaimid forbairt phearsanta agus shóisialta daoine óga a chur chun cinn trí oideachas neamhfhoirmiúil; agus suim ar leith againn i riachtanais ógshaothair daoine óga ar aois dóibh10-21 mar aon leo siúd go mbeidh míbhuntáiste eacnamaíochta nó sóisialta ag cur isteach orthu.

Is é priomhchuspóir na seirbhísi ógshaothair in Éirinn ná cabhru le daoine óga a gchuid tualainge a bhaint amach agus bheith mar rannpháirtithe gniomhacha i sochai daonlathach. Deiseanna luachmhara le haghaidh fhorbairt phearsanta daoine óga is ea tionscadail ógshaothair agus eagraíochtaí. Soláthraíonn ógshaothar freisin bealach eile chun rannpháirt a ghlacadh agus a bheith cuimsitheach i gcás na daoine óga sin nach raibh, b'fhéidir, an deis acu go tradisiúnta ghníomhú amhlaidh.

Coiste Comhairleach Náisiúnta um Ógshaothar a Cheapadh (*NYWAC*)

Rinneadh Coiste Comhairleach Náisiúnta um Ógshaothar a cheapadh i mí Aibreáin 2007 ag an Aire faoi mhíreanna 17 agus 18 den Acht um Ógshaothar 2001 ar feadh tréimhse cúig bliana. Is é an príomhról atá aige ná an tAire a chomhairliú maidir le gnéithe a bhaineann le ogshaothar.

Tionscnamh Creatlaigh um Chaighdeáin Cháilíochta

Rinne measónóir an ógshaothair, i gcomhairle leis an gCoiste Comhaireach Náisiúnta um Ógshaothar (*NYWAC*) agus saineolaithe eile, a chuid oibre ar an gcéim fhorbartha, maidir le creatlach chaighdeáin cáilíochta na hearnála ógshaothair (*QSF*), a chomhlánú i mí na Samhna 2007. Is é bunchuspóir an *QSF* seo ná chun uirlis tacaíochta agus forbarha a sholáthar d'eagraíochtaí agus do thionscadail ógshaothair mar chabhrú dóibh caighdeain a bhunú i gcleachtadh agus i soláthar ógshaothair.

Clár oiliúna don earnáil ógshaothair chun cúram leanaí a aithint

Seoladh an *Awareness Training Programme*, i mi Mheán Fómhair 2007. Rinneadh an clár sin a fhorbairt ag an Aonad um Chúram Leanaí de Chomhairle Náisiúnta na hÓige. Frithchaitheann sé dea-chleachtadh ógshaothair agus tá sé chun a bheith mar chuid iomlánaithe den oiliúint ogshaothair le haghaidh pearsanra a oibríonn san earnáil a íoctar agus iad nach n-íoctar. Tá roinnt ballstát AE ag baint feidhme anois as an acmhainn seo.

Méadú ar an gcistiú le haghaidh scéimeanna

Ceadaíodh méadú 7.5% sa chistiú bunúsach ginearálta don trí phríomhscéim chistithe i.e. An Scéim Dheontais um Sheirbhís Óige, Tionscnaimh Speisialta don Óige (*SPY*) agus Ionaid Fhaisnéise don Óige. Ba €2.47m an costas sa bhreis a bhí ar na méadaithe sin sa bhliain 2007.

Tionscnaimh Speisialta do Scéim na hÓige

Rinneadh forbairt méadaithe ar an Scéim seo sa chaoi gur rinneadh 14 oibrí singil um Thionscnaimh Speisialta don Óige a fhorbairt go dtí stádas um bheirt oibrí. Lena chois sin, ceadaíodh trí cinn de thionscadail nua.

Scéim na nDeontas don Chlub Óige Áitiúil

Méadaíodh ar an gcistiú don scéim seo faoi 23% sa bhliain 2007. De thoradh sin bhí an buiséad ina iomláine don scéim seo ionann is €1.6m sa bhliain 2007.

Coiste Caighdeán Oideachais agus Oiliúna don Ógshaothar Thuaidh / Theas (*NSETS*)

Seoladh an Coiste *NSETS* sa bhliain 2006. Is é príomhchuspóir *NSETS* ná oideachas agus oiliúint ógshaothair a dhroimscríobh go proifisiúnta laistigh den earnáil ardoideachais i dtús báire. Rinneadh dhá institiúid a dhroimscríobh sa bhliain 2007. Is iad san Ollscoil Uladh ag *Jordanstown* (BSc Onóracha agus Dioplóma Iarchéimi MSc i Ógshaothar Comhphobail) agus *NUI* Maigh Nuad (Dioplóma i gComhphobal & Ógshaothar agus Ardteastas i gComhphobal & Ógshaothar, araon le roghnaithe lánaimseartha agus páirtaimseartha).

Cuspóir 2.4: Déanfaimid bainistiú ar fhreagairt na Roinne i gcás tionscnamh le haghaidh mí-úsáide leanaí in institiúidí cónaithe.

Mí-úsáid leanaí a shásamh in institiúidí cónaithe

Comhlíonann an Roinn dha ról mar urra agus mar freagróir don Choimisiún atá ag déanamh iniúchadh i Mí-úsáid Leanaí. Bunaíodh an Coimisiún i mí na Bealtaine 2000 chun iniúchadh a dhéanamh maidir leis na cúiseanna, leis an gcineál, leis na cúinsí agus maidir le fairsinge na mí-úsáide leanaí sna scoileanna tionscail agus ceartúcháin agus institiúidí eile.

Déanann an Roinn:

- Cistiú agus tacaíocht a sholáthar don Bhord Sásaimh um Institiúidí Cónaithe a bunaíodh i mí na Nollag 2002 chun dámhacháin a sholáthar d'íobartaigh mí-usáide leanaí in institiúidí cónaithe.

- An Bord Airgeadais Oideachais a thacú. Bunaíodh an Bord sin i mí na Feabhra 2006 chun deontais oideachais a sholáthar d'iarchónaithigh na n-institiúidí mar aon lena gcuid teaghlach.

- Cistiú a sholáthar le haghaidh seirbhísí comhairligh agus tacaíochta ag iarchónaithigh agus d'iarchónaithigh institiúidí.

Forbairtí sa bhliain 2007

Le linn na bliana 2007, do sholáthair an Roinn an Coimisiún le faisnéis sa bhreis agus le soiléiriú ar roinnt ceisteanna a bhí ábhartha d'iniúchadh an Choimisiúin. €7.4 milliún an caiteachas go raibh an Roinn thíos faoi i leith an Choimisiúin chun Mí-úsáid Leanaí a Iniúchadh sa bhliain 2007. Ba €43.667 milliún an caiteachas iomlán ar an gCoimisiún tráth deireadh na bliana 2007.

Rinneadh dul chun cinn sa bhreis i measúnacht aus iniocaíocht na dámhachtainí faoi scéim an tsásaimh. Rinne an Bord Sásaimh 2631 iarratas a phróiseáil sa bhliain 2007 agus de thoradh sin ba 9,922 an t-iomlán iarratas a próiseáladh tráth deireadh na bliana 2007. D'íoc an Roinn €185 milliun go hachomair i gcás na ndámhachtaini sásaimh agus na gcostas gaolmhar le linn na bliana 2007. Ba €745.6 milliún an caiteachas carnach ag deireadh na bliana 2007.

Sa bhliain 2007, do cheadaigh an Bord Airgeadais Oideachais deontais i leith 1,200 iarchonaithaigh agus a gcuid teaghlach agus caitheadh €1.37 milliún, go hachomair, ar dheontas oideachais ag an mBord. Tá iarmhéid €8.89 milliún ar fáil ag an mBord chun deontais oideachais a a sholáthar d'iarchónaithigh agus a gcuid treaghlach sa todhchaí.

Le linn na bliana 2007, rinne an Roinn 290 iarratas *FOI* a phróiseáil le haghaidh croinicí ó iarchónaithigh scoileanna tionscail agus institiúidi eile. B'ionann sin agus 11,566 an líon iomlán de a leithéid d'iarratas a rinne an Roinn a phróiseáil go deireadh na bliana 2007.

Lean an Roinn ar aghaidh chun cistiú €1.5 milliún, go hachomair, a chur ar fáil sa bhliain 2007 le haghaidh seirbhísí comhairligh agus tacaíochta d'iarchónaithigh institiúidí.

Cuspóir 2.5: Déanfaimid cothromaíocht rochtana níos fearr a chur chun cinn don tríú leibhéal oideachais, go mór mór do mhic léinn mhíbhuntáisteacha agus aibí mar aon le mic léinn ar a bhfuil míchumais, trí bhéim níos fearr a chur ar thacaíocht / rochtain na mac léinn .

Tá an Roinn freagrach as forbairt na dúnghaoise náisiúnta a chur chun cinn ar chothromaíocht rochtana ar ardoideachas do gach aon mhac léinn ach go háirithe iad san sna grúpaí atá ar gann ionadaíochta faoi láthair san earnáil sin. Chuige sin, tugann sé tacaíocht do raon gnéithe tiomnaithe a éascaíonn leibhéil níos mó rannpháirtaíochta ag mic léinn mhíbhuntáisteacha, ag mic léinn aibí agus ag mic léinn ar a bhfuil míchumais.

Foráltar príomhthacaíocht faoi na scéimeanna deontas do mhic léinn a chuireann cúnamh airgeadais um thástáil maoine ar fáil do mhic láinn in ardoideachas agus in oideachas sa bhreis. Déantar na ceithre scéim deontas chothaithe a riaradh ag na húdaráis áitiúla agus ag na Coistí Gairmoideachais.

Áirítear mar sprioctháacaíochtaí eile Ciste Cúnaimh na Mac Léinn, an Ciste do Mhic Léinn ar a bhfuil Míchumais, an Ciste Rannpháirtithe na Míle Bliain don Mhíbhuntáiste agus roinnt deiseanna scoláireachtaí tríú leibhéal. Áirítear mar a leithéid de scoláireachtaí iad san do mhic léinn a chomhlánaigh a gcuid oideachais dara leibhéal trí mheán na Gaeilge, Seachtain na Cásca 1916 agus scolaireachtaí chuimhneacháin *Donagh O'Malley* mar aon le scoláireachtaí d'Institiuid Eorpach na hOllscoile i *Florence*.

Forbairtí na bliana 2007

Scoláireachtaí *Donagh O'Malley* do Mhic Léinn Mhíbhuntáisteacha

I mí na Nollag 2006 d'fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta
go raibh scoláireacht nua bunaithe do na mic léinn Ardteistiméireachta is cliste as cúlra míbhuntáisteach agus an cistiú chuige íoctha ag an Roinn. Rinneadh an scéim scoláireachta a sheoladh sa bhliain 2007. Déanfar 16 scoláireacht, go hachomair, a dháileadh gach aon bhliain.

Caiteachas, deontais, cistí agus scoláireachtaí

Caiteachas

Seo a leanas an caiteachas ar thacaíochtaí na mac léinn sa scoilbhliain 2006/07:

Scéimeanna	*Líon Sealbhóirí Deontas **	*Caiteachas sa bhliain 2007*
Scéimeanna Deontas Mac Léinn	56,341	€243m
Scéimeanna Rochana Tríú Leibhéal		€17m
Scoláireachtaí	244	€1.7m

*figiúirí sealadacha don bhliain acadúil 2006/2007

Deontais Chothaithe Mac Léinn

Rinneadh an ráta gnáthdheontas cothaithe a mhéadú faoi 10% sa bliain 2007 agus b'ionann sin agus uasdeontas €3,420 sa bliain acadúil 2007/08. Bhí méadú 14% ar an deontas cothaithe 'barrlíonta' a íocadh do níos mo ná 12,500 mac léinn. Na mic léinn sin a bhí cáilithe don ghnáthdheontas neamhchóngarach móide an ráta speisialta den deontas cothaithe, fuair siad €6,690 mar chabhrú sa bhliain acadúil 2007/08. B'ionann le €38m an caiteachas ar an ráta speisialta den deontas cothaithe sa bhliain 2007 agus tá an méid sin faoi iamh sa €243m thuas

An Ciste do na Mic Léinn ar a bhfuil Míchumais

Rinneadh deontas iomlán €9.986m a cheadú le haghaidh tacaíocht do mhic léinn faoin Chiste do Mhic Léinn ar a bhfuil Míchumais sa bhliain 2006/07. Tá sé seo i gcomparáid le €8,121,744 sa bhliain acadúil 2005/06. Fuair thar 2,400 mac léinn, idir iarratais aonair nó grúpa, sochar as an gCiste sa bhliain2006/07 i gcomparáid le 2,032 sa bhliain 2005/06.

Ciste Cúnamh na Mac Léinn

Rinneadh dáileadh comhláin €6.219m a cheadú don chiste sa bhliain 2007/2008. Tá sé seo i gcomparáid leis an dáileadh comhlain €6.038m don bhliain 2006/2007. Ba 9,895 an lion iomlán mac léinn a fuair sochar as an gciste sa bhliain 2005/2006. Ba 9,226 an líon iomlán mac léinn a fuair sochar as an gciste sa bhliain 2006/2007 (sealadach).

Ciste Rannpháirtíochta na Míle Bliain don Mhíbhuntáiste

Rinneadh dáileadh €2.175m a sholáthar do Chiste Rannpháirtíochta na Míle Bliain don bhliain 2007/08. Bhí sé beartaithe go mbainfeadh caoga a sé comhphobal agus rannpháirtíocht sa réigiún sochar as an dáileadh sin. Tá *Pobal* ag leanúint ar an gciste a bhainistiú don bhliain acadúil 2007/2008. Ba €2,111,500 an dáileadh don bhliain 2006/2007. Bhain iomlán 3957 duine aonair sochar as an gciste sa bhliain 2005/2006.

Scoláireachtaí

Bhain 15 mac léinn tairbhe as an Scoláireacht Ollscoile Eorpach sa bhliain acadúil 2007/08 agus ba €513,000 an t-iomlán a caitheadh sa bhliain 2007. Bhí 259 sealbhóir scoláireachta ann sa bhliain acadúil 2007/08 agus caitheadh iomlán €1.162m sa bhliain 2007.

Cuspóir 2.6: Déanfaimid cothromaíocht inscne a chur chun cinn sna seirbhísí, gníomhartha, cláir agus gnéithe le haghaidh leanaí agus aosach ag gach leibhéal oideachais.

Áirítear mar aidhmeanna na Roinne comhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar phróiseas na príomhshrutha i gcás inscne a mheas i ngach réigiún den chóras oideachasúil.

Forbairtí sa bhliain 2007

Le linn na bliana 2007 rinneadh dul cun cinn sa bhreis ar roinnt eochairthionscadal sa limistéar a bhain le cothromaíocht inscne, agus san áireamh bhí ranníocaíocht na Roinne do chur i bhfeidhm Straitéise Náisiúnta na mBan mar aon le ciste a chur ar fáil don taighde a bhain le conas mar a thugtar faoi ceisteanna san iarbhunscoileanna a bhain le treoshuíomh gnéasach.

AIDHM ARDLEIBHÉIL 3 – Ranníocaíocht don Ráth Eacnamaíochta

Déanfaimid ranníocaíocht do ráth eacnamaíochta, don fhorbairt agus don iomaíocht idirnáisiúnta in Éirinn.

Cuspóir 3.1: Déanfaimid ranníocaíocht na hearnála tríú leibhéal a chur chun cinn maidir le forbairt eacnamaíochta agus shóisialta i gcomhthéacs na riachtanas ionathruithe mar aon le soláthar pearsanra cáilithe agus le scileanna a eagrú chun iomaíocht agus forbairt eacnamaíochta agus shóisialta na hÉireann a thacú.

Tá an Roinn freagrach as anailís, forbairt, athbhreithniú agus cur i bheidhm na dúnghaoise san ardoideachas. Tá cur chuige na dúnghaoise dírithe ar an aidhm ina iomláine den chóras ardoideachais a chuireann ar chumas daoine a gcumas iomlán mar dhaoine aonair agus saoránaigh ghníomhacha agus an fonn chun ranníocaíocht na hearnála a uasmhéadú chun forbartha sóisialta agus eacnamaíochta.

Tá sé mar dhualgas uirthi freisin freagrachtaí dúnghaoise a fhorbairt le haghaidh riachtanas scileanna atá ann faoi láthair san eacnamaíocht agus rannpháirtaíocht a ghlacadh sna grúpaí éagsúla atá ag pleanáil le haghaidh riachtanas sa todhchaí

Cuireann an Roinn ciste ar fáil chun an infrastruchtúr a sholáthar a bheidh de dhíth chun ardoideachas a sheachadadh, infrastruchtúr taighde san áireamh.

Forbairtí sa bhliain 2007

Tosú ar an reachtaíocht don institiúid teicneolaíochta

Rinneadh reachtaíocht na hInstitiúide Teicneolaíochta a achtú i mí Iúil 2006 agus rinneadh an t-ordú tionscnaimh a shíniú ar 1 Feabhra 2007. Ón dáta sin bhí na hInstitiúidi Teicneolaíochta (*IOTs*) agus Institiúid Teicneolaíochta i mBaile Átha Cliath mar institiúidí sainithe faoin Údarás Ardoideachais. Ón dáta sin amach d'aistrigh an fhreagracht um dháileadh cistithe don *IOTs/DIT* ón Roinn go dti an *HEA*.

Oideachas agsu oiliúint leighis

Leanadh ar aghaidh ar obair fhorbarta shuntasach maidir le leasú fochéimí agus céimí Leighis. Mar atá sna moltaí leathana den Tuarascáil le Fottrell agus Buttimer, rinneadh áiteanna fochéimí eile sa bhreis a sholáthar sa bhliain 2007 agus thosaigh an chéad iontrálaí de chéimithe don Dámh Leighis. Lena chois sin, fógraíodh pleananna chun meicníocht nua iontrálaithe a chur ar bun do fochéimithe um oideachas leighis sa bhliain 2009 go mbeidh baint aice le tástáil um chead isteach a chomhlánaíonn an Ardteistiméireacht.

Forbairtí fo-struchtúracha

- Seoladh timthriall 4 den chlár taighde in institiúidí tríú leibhéal ar chostas caipitil €108m agus dul ar aghaidh chun tionscadail shuntasacha ar a dáileadh cistiú faoi thimthriall 3 a chomhlánú.

- Soláthraíodh deontas athnuachana ar luach caipitil €28m le haghaidh trealamh taighde faoin Straitéis um Eolaíocht, um theicneolaíocht agus um Nuálach
- Soláthraíodh cisti do threalamh athnuachana de thoradh chur i bhfeidhm an churaclaim leasuithe do phrintisigh ar luach caipitil €8m mar aon le seachadadh áiseanna nua agus uasghrádaithe do phrintisigh in institiúidí teicneolaíochta ar leith.
- Rinneadh gach obair ullmhúcháin riachtanach a chomhlánú maidir le tionscadail ardoideachais ainmnithe don seachtadadh trí an phróiseas rannpháirtíochta pobail priobháideach. De thoradh sin rinneadh na tionscadail a aistriú le haghaidh staidéir agus seachadta don Aohad um Rannpháirtíocht Pobail Príobháideach (*PPP*) / Gníomhaireacht Náisiúnta um Fhorbairt Airgeadais (*NDFA*).
- Rinneadh cistiú €15m a scaipeadh chun mionchláir oibre a chur i bhfeidhm san earnáil um institiúid teicneolaíochta.
- Leantar ar aghaidh le dearadh agus / cur i bhfeidhm raon de mhórthionscadail chaipidil laistigh den earnáil ardoideachais a dhéanann áiseanna nua fo-chéimí feabhsaithe a sheachadadh. Áirítear mar shamplai de a leithéid de thionscadail a bhfuil ar leanas:
  - *Institiúid Teicneolaíochta i Luimneach:* athchoiriú campus Sráid Clare.
  - *IT Trá Lí*: soláthar do Ionad nua Foghlamtha agus Taighde.
  - *IT Port Láirge*: seachadadh de Fhoirgneamh nua Fóillíochta agus Turasóireachta Teastais.
  - *IT Dún Dealgan*: athchóiriú agus oiriúnú iarmhonarcha déantúsaíochta chun a chur in oiriúint d'Institiúid.
  - *IT Baile Átha Luain*: Scoil nua Innealtóireachta a dhearadh.
  - *NUI Corcaigh:* Scoil nua um Theicneolaíocht na Faisnéise a thógáil.
  - *Coláiste Oideachais Muire gan Smál*: dearadh Chéime 2 d'athhorbairt an campus.
  - *Colaiste Oideachais N. Pádraig i nDroim Conrach*: dearadh áiseanna nua.
  - *Ollscoil Luimnigh:* móroibreacha fo-struchtúracha.
  - *Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath:* leanúint ar chistiú d'oibreacha riachtanacha feabhais.

Cuspóir 3.2: Déanfaimid feidhmiú ICT a chur chun cinn i scoileanna agus daltaí a ghríosadh chun litearthacht ríomhaireachta a bhaint amach agus na scileanna riachtanacha a fháil chun rannpháirtíocht a ghlacadh sa tsochaí fhaisnéise.

Rinneadh *ICT* sa Chlár Scoileanna, a thosaigh sa bhliain 1998, a dhearadh chun an deis a thabhairt do mhic léinn litearthacht ríomhaireachta a bhaint amach agus chun na scileanna riachtanacha a fháil chun a chur ar a gcumas rannpháirtíocht a ghlacadh sa tsochaí fhaisnéise. Oibríonn an Roinn i gcomhairle leis an Ionad Náisiúnta um Theicneolaíocht san Oideachas (*NCTE*) agus leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM).

Forbairt líonra ríomhaireachta scoile

Le linn na bliana 2007, leanadh ar aghaidh ar scoileanna a chabhrú le forbairt a gcuid áiseanna líonraithe inmheánacha. Ceadaíonn an líonra scoile rochtain il-úsadóirí do na haiseanna idirlín agus éascaíonn sé acmhainní bogearraí a chomhroinnt agus úsáid na n-imeallach i measc úsáideoirí. Ón bhliain 2004 amach, rinneadh timpeall €23.5m a eisiúint do 3,859 scoil chun a gcuid acmhainn líonraithe a fhorbairt ionnas go bhféadfaidis feidhm iomlán a bhaint as an tualainge a rinneadh a thairiscint tri chonascadh mórbhanda agus tri úsáid éifeachtach as na bogearraí ríomhaireachta.

Clár Rochtana Mhórbhanda do Scoileanna

Is bloc tógala riachtanach é laistigh de straitéis na Roinne soláthar mórbhanda do scoileanna chun *ICT* a iomlánú sa teagasc agus san fhoghglaim. Tá an Clár Rochtana um Mhórbhanda Scoile curtha i bhfeidhm i rannphártaíocht leis an tionscal. Forálann an comhaontú leis an gComhcheangal Éireannach um Ghnó agus Fostóirí *IBEC/TIF* (Cónascadh Teileachumarsáide agus Idirlín) comhchiste €18m ar feadh trí bliana a chur ar fáil. Ranníocann Tionscal €5m agus an Rialtas €1m in aghaidh na bliana don chiste. Íocann an ciste na costais a bhaineann le ceangailteacht áitiúil scoileanna. Tá ceangailteacht scoileanna á sruthú, faoin chlár, don idirlíon trí mhórbhanda líonra a rinneadh a fhorbairt ag an *HEAnet.* Tá gach scoil ceangailte leis an líonra via ródaire mórbhanda ardluais, a soláthraíodh don scoil agus atá lonnaithe sa scoil, agus via nasc rochtana mórbhanda. Soláthraíonn an líonra seirbhisi lárbhainistíochta do scoileanna mar shábháilteacht, frith-spam, frith-víreas agus scagadh ábhair. Is é €30m costas iomláine an Chláir thar na trí bliana, na costais a bhain le bunús an chláir san áireamh.Tar éis phróiseas an tsoláthair, thosaigh cur i bhfeidhm na ceangailteachta mórbhanda i mí an Mheithimh 2005. Ag deireadh na bliana 2007, bhi formhór scoileanna ceangailte leis an líonra tri úsáid a bhaint as meascán Líne Dhigiteach Shíntiúsóra (*DSL*), teicneolaíochtaí raidió agus saitilite. Tá monatóireacht á déanamh ag an Roinn ar staid na scoileanna sin atá ag feitheamh leis an insealbhú de bharr clár tógála scoile nó de bharr deacrachtaí insealbhaithe.

Forbairt Ghairmiúil Oidí

Is gné chriticiúil í ról an oide aonair agus aithnítear a leithéid go maith chun an *ICT* a iomlánú isteach sa teagasc agus sa bhfoghlaim. Baineann an *NCTE* feidhm as Tionscnamh Scileanna Múinteoireachta chun déileáil le riachtanais ar leith oidí agus iad ag dul i ngleic leis an *ICT*. Áirítear sa chúrsa sin cúrsaí teicniúla, cúrsaí ar ábhair ar leith, idirlíon, dearadh gréasáin agus cúrsaí um mheáin cumarsáide digiteacha. Le linn na bliana 2007 bhain oidí feidhm as 11,531 áit oiliúna faoin Tionscnamh. Soláthraíonn an *NCTE* acmhainní teagaisc ar line via an t-ursanach Scoilnet agus cabhraíonn sé le roinnt tionscnamh nuálach. Le linn na bliana 2007, tháinigh méadú go 10,000 ar an líon acmhainni teagaisc a scrúdaíodh ar an Scoilnet.

Cuspóir 3.3: Déanfaimid ranníocaíocht d'fhorbairt an oideachais in Éirinn trí chomhoibriú agus trí fheidhmiú as cinneadh san Aontas Eorpach, in eagraíochtaí idirnaisiúnta agus déthaobhach agus trí rannpháirtaíocht i gcláir agus i dtionscnaimh maidir le réigiúin san oideachas, san eolaíocht agus san oiliúint trí chabhair ón Aontas Eorpach agus ó eagraíochtaí eile idirnáisiúnta.

Forbairtí Dúnghaoise AE sna réigiúin Oideachais agus Oiliúna

Lean an Roinn ag obair lena ár bpáirtithe Eorpacha chun dúnghaoisí an AE a fhorbairt agus a chur i ghfeidhm chun go mbeadh fíorthionchar deimhneach acu ar fhorbairti oideachais in Éirinn. Bhí dul ar aghaidh suntasach sa bhliain 2007 ar na heochair-réigiúin um aithint cáilíochtaí agus um shoghluaisne oideachais agus oiliúna.

Cáilíocht a aithint

Bhí Airí Oideachais an AE ar aon aigne pholaitiúil ar dhréachtmholadh a chuirfidh ar bun Creatlach Cáiliochtaí Eorpach le haghaidh foghlamtha feadh saoil.

Soghluaisne oideachais agus oiliúna

Rinneadh an Clár iomlánaithe um Fhoghlaim feadh Saoil (2007-2013), cistithe ag an gCoimisiún Eorpach agus dírithe ar shoghluaisne oideachasúil agus oiliúint a éascú, a chur i bhfeidhm in Éirinn sa bhliain 2007. Cuirfidh an Clár ar chumas mac léinn tríú leibhéal mar aon leis an bhfoireann léachtóirí rannpháirteach a ghlacadh i malartuithe oideachasúla Erasmus, ar chumas oiliúnóirí Éireannacha leas a bhaint as ionadaíocht um shaothar Eorpach agus ar chumas scoileanna agus eagraíochtaí um oideachas aosach rannpháirteach a ghlacadh i rannpháirtíochtaí Eorpacha.

Lean an Roinn ar aghaidh chun ranníocaíocht a dhéanamh i gcur i bhfeidhm na gcuidithe oideachais agus oiliúna den Straitéis *Lisbon* atá mar aidhm aice an AE a dhéanamh "*the most competitive and dynamic knowledge based economy in the world by 2010*". Ach go háirithe, lean an Roinn ar aghaidh chun na gnéithe ábhartha den chlár oibre 'Education and Training 2010' a chur i bhfeidhm agus chloígh sí lena rannpháirtíocht i líon bailiúcháin grúpaí a spreagann foghlaim chomhaoise idir na baillstáit ar eochaircheisteanna oideachais agus oiliúna.

Comhoibriú Idirnáisiúnta

Lean an Roinn ar aghaidh chun nascanna comhshochair a fhorbairt idir córais oideachais agus airí oideachais thar lear. Rinne an Roinn 30 toscaireacht go hÉireann a éascú le linn na bliana 2007, Tháinigh na toscaireachtaí as eagsúlacht leathan tíortha agus san áireamh bhí Saudi Arabia, Korea, Malaysia, Australia, Sweden, Norway, Hungary agus Oman. Rinneadh cúirteanna ag leibhéal airí a eagrú, freisin, d'Airí / LeasAirí Oideachais ó Lithuania, ón Slovak Republic agus ó China.

Lean an Roinn ar aghaidh chun cláir ilshleasacha agus déshleasacha a fheidhmiú le níos mó ná 25 tír a dhéanann soghluaisne na mac léinn, oidí agus taighdeoirí a éascú agus san áireamh scoláireachtaí tríú leibhéal, ionadaithe scoileanna samhraidh, malartuithe sainollúna / oideachais agus cláir um chúntóiri teanga.

Lean an Roinn ar aghaidh chun ghníomhú mar dhream comhordaithe náisiúnta na Éireann don *UNESCO*, an Eagraíocht Chultúrtha, Eolaíoch agus Oideachais do na Náisiúin Aontaithe.

Cruinnithe / Comhdhálacha

Sa bhliain 2007 bhí an Roinn gafa in eagraíocht agus i gcistiú dhá mhórchomhdháil / mhórchruinniú**:** *OECD*, Comhdháil Idirnáisiúnta um Chomparáidí i Líonra Oideachais agus Cruinniú de Chomhordaitheoirí Náisiúnta den Chomhairle Eorpach don Saoránacht Dhaonlathach.

OECD Comhdháil Idirnáisiúnta um Chomparáidí i Líonra Oideachais

An chomhdháil seo a tionóladh in Áth Cliath i mí an Mhárta 2007, bhí si dírithe ar obair fhorbartha agus ar bhailiú sonraí don *Education At a Glance* den *OECD* agus baint aige le haschuir shóisialta agus eacnamiocha oideachais. Bhí níos mó ná caoga toscaire i láthair ag an gComhdháil as fiche ocht tír agus eagraíocht idirnáisiúnta.

Cruinniú de Chomhordaitheoirí Náisiúnta den Chomhairle Eorpach don Saoránacht Dhaonlathach

Rinneadh an 12ú Cruinniú de Chomhordaitheoiri Náisiúnta den Chomhairle Eorpachh don Saoránacht Dhaonlathach / Oideachas um Chearta Saoránachta (*EDC/HRE*) a eagrú i gcomhairle leis an Aonad Forbartha Curaclaim de CGO Bhaile Átha Cliath agus tionóladh é i gCaisleán Átha Cliath i mí na Nollag 2007.

Cuspóir 3.4: Déanfaimid ranníocaíocht chun iomaíoch idirnáisiúnta a sheasamh, trí Éire a fhorbairt mar sháreacnamaíocht um eolasbhunaithe.

Staidéar ar na heolaíochtaí fisiceacha agus ar na hábhair bhainteacha ag an dara leibhéal

I mi Lúnasa 2007, d'fhógair an tAire go raibh an Roinn ag dul ar aghaidh le leasuithe sa Mhatamaitic ag an timthriall sóisearach agus sinsearach in iarbhunscoileanna. Ba chóir go mbeadh sé mar thionchar ag na leasuithe sin an Mhatamaitic a bheith níos ábhartha do shaolta agus do thaithí na mac léinn, ranníocaíocht do scileanna níos airde agus níos líonmhaire de mhic léinn a mhealladh chun staidéar a dhéanamh ar an Mhatamaitic ag an ardleibhéal.

Déanann *The Strategy for Science, Technology and Innovation 2006-2013* raon gnéithe a chur ar fáil chun teagasc agus fhoghlaim na heolaíochta a láidriú. Tá sé mar sprioc ag an Straitéis an staidéar ar Fhisic agus ar Cheimic a mhéadú foai 20% den chohórt iomlán sa timthriall sinsearach tráth 2113. Tá sé mar chuid den chur chuige an leanúnacht ón timthriall sóisearach a dheimhniú agus an bhéim a chur ar chur chuige iniúchta agus ar mheasúnacht phraiticiúil bunaithe ar thionscadal maidir leis na codanna sin sna scrúduithe ina iomláine. Beidh a leithéid fite fúite le eochairscileanna agus díriú feidhmeach níos mó curtha i bhfeidhm ar an gcineál idirdisciplín eolaíochta sa tsochaí.

Sa bhliain 2007 do sheas 87.3% mac léinn an Eolaíocht sa scrúdú an Teastais Shóisearaigh. Sa bhliain 2007 do sheas 14.3% mac léinn an scrúdú Ardteistiméireachta sa bhFisic, 13.6% sa Cheimic agus 50.7% sa Bhitheolaíocht.

AIDHM ARDLEIBHÉIL 4 – CAIGHDEÁIN AGUS CÁILÍOCHT A FHEABHSÚ

Déanfaimid iarracht an cháilíocht agus an caighdeán oideachais a fheabhsú agus dea-chleachtadh a chur chun cinn sna seomraí ranga, sna scoileanna, sna coláistí agus in ionaid eile oideachais.

Cuspóir 4.1: Oibreoimid chun cáilíocht soláthair an oideachais a fheabhsú trí chigireacht rialta, luacháil agus pleanáil.

Tá an Roinn freagrach as luacháil bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna mar aon le hionaid oideachais de réir Míre 13 den Acht oideachais 1998. Is féidir a cuid gníomhaíochtaí a rangú faoi na ceithre aicme: (1) clár cigireachta agus luachála a fheidhmiú; (2) measúnú agus comhairle ar fheidhmiú reachtaíochta agus rialacha na Roinne; (3) scoileanna, oidí agus tuismitheoiri a chomhairliú maidir le soláthar oideachasúil; (4) ranníocaíocht agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt dúnghaoise.

Cuireann clár bliantúil na Roinne maidir le cigireacht bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna mar aon le hionaid oideachais na gnéithe a leanas san áireamh:

- luacháil den scoile uile (*WSE*) ag leibhéal bunscoile agus iarbhunscoile;
- cigireacht ar ábhair agus ar chláir in iarbhunscoileanna;
- luacháil ionad oideachais;
- mionluacháil ar leith maidir le cláir roghnaithe oideachasúla nó seirbhísí i scoileanna;
- cigireacht ar shaothar oidí ar leith.

Déanann na próisis sheachtracha luachála seo ranníocaíocht thábhachtach do dhearbhú cáilíochta den chóras oideachais agus déanann siad an chuntasaíocht maidir le cáilíocht agus le caighdeáin i scoileanna agus in ionaid foghlamtha a fhorbairt.

Dearbhú cáilíochta scoileanna aus ionaid oideachais

Clár luachála den scoil uile

Sa bhliain 2007 rinne an Roinn 300 luacháil den scoil uile ar 241 ag an leibhéal bunscoile agus 59 ag an leibhéal iarbhunscoile. Is é a bhí i gceist san *WSE* ná luacháil ar bhunscoileanna agus ar scoileanna iarbhunoideachais i gcás gnéithe a bhain le bainistíocht, le pleanáil, le soláthar curaclaim, le teagasc agus fhoghlaim agus le tacaíocht don mhac léinn. Le linn an phróisis, bailíodh faisnéis ó raon foinsí laistigh den scoil chun a dheimhniú go mbeadh cinneadh na gcigirí feidhmiúil, muiníneach agus seasmhach. Chuaigh na cigirí, le linn *WSE*, i gcomhairle le boird bhainistíochta, oifigigh de Chumann na dtuismitheoirí agus le comhairle na mac léinn sna hiarbhunscoileanna. San iarluacháil rinneadh tuarascáil a ullmhú agus luadh inti láidreachtaí na scoile agus tugadh moltaí soiléire maidir le forbairt sa bhreis ar sholáthar oideachasúil sa scoil.

Rinne an chigireacht monatóireacht freisin ar éifeachtacht na 45 cúrsa samhraidh sa teanga Ghaeilge chun cuntasaíocht a dheimhniú agus chun cabhru le feabhas na hoibre sna coláistí samhraidh sa teanga Ghaeilge.

Clár cigireachta na n-ábhar ag an leibhéal Iarbhunoideachais

Tháinigh méadú ó 727 sa bhliain 2006 go dtí 757 sa bhliain 2007 ar an líon de chigireacht ábhar a chomhlánadh i scoileanna iarbhunoideachais. Rinne cigireacht na n-ábhar luacháil ar an soláthar le haghaidh réigiún na n-ábhar faoi na ceannteidil; soláthar agus tacaíocht don scoil uile; pleanáil agbus ullmhúchán; teagasc agus fhoghlaim; measúnacht agus dul chun cinn. Déantar raon scoileanna agus líon de réigiúin na n-ábhar a roghnú gach aon bhliain. Sa bhliain 2007, rinneadh an raon d-ábhair a leathnú amach chun oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte mar aon le Oideachas Saoránaíoch, Sóisialta agus Polaitiúil a chuimsiú.

Cláir a luacháil

Rinneadh luachálacha ar chláir a dhearadh ar aon ghnó chun luacháil a dhéanamh ar eifeachtacht na gclár mar an Clár Scoile den Teastas Sóisearach (JCSP), clár na hIdirbhliana (*TYP*), Ardteistiméireacht Fheidhmeach (LCA) agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta (*LCVP*). I gcás an 20 clár a chomhlánadh sa bhliain 2007, rinneadh cigireacht ar cháilíocht na gclár eagraíochta agus comhordaithe sa scoil, ar cháilíocht phleanála an chláir, ar cháilíocht an teagaisc agus foghlamtha agus ar an gcáilíocht a bhain le luacháil agus measúnacht na scoile. Cosúil le cigireacht ábhar, is féidir le cigireachta na luachala tarlú mar chigireacht “aonaránach” nó mar chuid de luacháil na scoile uile.

Ionaid oideachais a luacháil

Na cigirí atá bunaithe in Oifigi Réigiúnacha na Roinne, rinne siad 27 luacháil ar Ionaid Oiliúna Ógtheaghmhála agus Lucht Siúil Sinsearach, ar Réamhscoileanna don Lucht Siúil agus ar ionaid eile oideachais sa bhliain 2007.

Tionscadail luachála téamacha

Mar bhreis ar ghníomhaíocht luachála phríomhshrutha, tugann an Roinn faoi roinnt miontionscadal luachála ar théama ar leith gach aon bhliain. Déanann siad san scrúdú ar cháilíocht na gclár oideachasúla ar leith nó ar sheirbhisi trasna samplaí de scoileanna. Déantar tuarascáil ina iomláine a ullmhú a chuireann in iúl na príomhthreonna agus moltai chun seirbhisi a fheabhsú agus chun dúnghaois a fhorbairt. Déantar an tuarascáil ansin a scaipeadh chuig eochairphearsanra tríd an gcóras. Le linn na bliana 2007, rinneadh obair allamuigh a chomhlánú i scoileanna ar chur i bhfeidhm an Oideachais Sláinte agus Phearsanta, Eolaíochta agus Shóisialta i mbunscoileanna mar aon le cigireacht ar Thíreolaíocht agus Teicneolaíocht na nÁbhar (Adhmad) agus Foirgníocht in iarbhunscoileanna. Déanfar comhthuarascálacha ar na hábhair sin a fhoilsiú sa bhliain 2008.

Oidí nuacháilithe a phromhadh

Le linn na bliana 2007 rinne an Roinn próiseáil ar thuarascálacha cigireachta i gcás 2362 bunoide ar phromhadh. Ba mhéadú suntasach é sin ar bhlianta cheana. Is gné fhíorthábhachtach, mar sin, den chlár oibre ina iomláine an chigireacht ar oidí nuacháilithe.

Gníomhaíocht Chigireachta na bliana 2007	*Líon na gcigearachtaí*
Bunscoileanna	
Luacháil na Scoile Uile	**241**
Oidí ar Phromhadh (Bunoideachas)	**2,362**
Scoileanna Iarbhunoideachais	
Luacháil na Scoile Uile	**59**
Cigireacht ar Ábhair	**757***
Cigireacht ar Chláir	**20***
Cigireachtaí Eile	
Ionaid Oideachais – Ógtheagmháil, Ionaid Oiliúna um Lucht Siúil Sinsearach agus ionaid eile oideachais	**27**
Coláistí Gaeilge	**45**
Eile	**49**
Iomlán	**3,560**

*Cuimsíonn na huimhreacha seo cigireachtaí ar ábhair aonaránacha agus cigireachtai ar ábhair mar chuid de luacháil na scoile uile.

Tuarascálacha ar chigireacht scoile agus ionaid a fhoilsiú

Gach uile tuarascáil ag éirí as *WSE* , as cigireacht ar ábhair / ar chláir, nó as luachálacha na n-ionad a thosaigh ar 6 Feabhra 2006 nó na dhiaidh sin, bhí siad faoi réir foilsithe ar láithreán gréasáin na Roinne faoi rialacha a d'fhógair an tAire go luath sa bhliain 2006. Deimhníonn fhoilsiú na dtuarascálacha go mbíonn rochtain ag scoileanna, ag tuismitheoirí agus ag an gcomhphobal go ginearálta ar fhaisnéis chiallmhar maidir le cáilíocht agus caighdeáin sa chóras oideachais.

Le linn na bliana foilsíodh iomlán 946 tuarascáil a léirigh 501 scoil nó ionad oideachais agus rinneadh iad a rangú mar a leanas:

Tuarascálacha a Foilsíodh ó Eanáir go dtí Nollaig 2007	*Bun WSE*	*Iarbhun WSE*	*Ionaid Oideachais*	*Cigireacht ar ábhair laistigh den WSE*	*Cigireacht ar Ábhair Aonaránacha*	*Iomlán*
	200	51	7	195	493	946

Foilsítear tuarascálacha de réir na nósanna imeachta a breacrianadh sa *Publication of School Inspection Reports – Guidelines*, foilsithe sa bhliain 2006. Soláthraítear

scoileanna leis an deis chun ábhar fíorasach na dtuarascálacha cigireachta a fhíorú agus fhreagairt scoile a chur i láthair a léireoidh pleananna na scoile chun déileáil le moltaí na tuarascála. Foilsítear an fhreagairt sin mar aon leis an dtuarascáil chigireachta ar láithreán gréasáin idirlín na Roinne Oideachais agsu Eolaíochta ag www.education.ie

Ó mhí Mheán Fómhair 2006, rinneadh *WSE* agus tuarascálacha cigireachta ar ábhair, a scríobhadh as Gaeilge ar Ghaelscoileanna nó ar scoileanna sa Ghaeltacht, a aistriú go Béarla agus foilsíodh an dá leagan, Gaeilge agus Béarla, le chéile. Rinneadh cigireachtaí ar an ábhar Gaeilge a aistriú, freisin, go Béarla le haghaidh scoileanna iarbhunoideachais a mhúineann as Béarla.

Cuspóir 4.2: Déanfaimid forbairt agus cur i bhfeidhm chreatlach náisiúnta na gcáilíochtaí mar a foráladh faoi Acht 1999 na gCáiliochtaí (Oideachas agus Oiliúint) mar aon le comhordú chun cáilíochtaí a aithint.

Déanann an Roinn forbairt agus cur i bhfeidhm chreatlach náisiúnta na gcáilíochtaí agus comhaithint na gcáiliochtaí a fheabhsú mar aon le soghluaisne fhoghlaimeoiri agus fhostaithe a chur chun cinn.

Rinneadh Creatlach Náisiúnta na gCáilíochtaí a fhógairt i mí Dheireadh Fómhair 2003 a sholáthair gach dámhachtain sa Stát laistigh de chreatlach um deich leibhéal a shín ó litearthacht agus oideachas bunúsach go dtí leibhéal na hiardhochtúireachta, bunaithe ar an aschur foghlamtha a baineadh amach. Déantar gach dámhachtain, a rinne Comhairle na nDámhachtana Oiliúna um Ardoideachas (*HETAC*) ón bhliain 2006 amach, a eisiúint faoin gcreatlach nua agus faoi nósanna imeachta um dheimhniú cáilíochta agus agus um bhailí cláir. Déantar gach dámhachtain um chéim bhaitsiléara, um chéim mháistir agus um leibhéal dochtúireachta san earnáil olscoile a eisiúint faoin chreatlach nua ón bhliain 2005 amach.

Eochairfhorbairtí sa bhliain 2007

Rinne Údarás na hÉireann um Cháiliochtai Náisiúnta (*NQAI*) an dreacht-tuarascáil a chomhaontú. Sholáthair an tuarascáil cuntas iomlán agus oscailte den aiseolas seachtrach a bailíodh sa phróiseas féin-luachála. Rinne an tuarascáil geallúntas láidir a fhrithchaitheamh maidir le feabhas cáilíochtaí agus forbairt eagraíochta laistigh den *NQAI*. Mar chuid den phróiseas um féin- luacháil do shainaithin feidhmeannach an *NQAI* an riachtanas atá ann chun dúnghaoisí a fhorbairt go foirmiúil ag an Údarás maidir lena gcuid próiseas inmheánach agus seachtrach um dhearbhú cáilíochta. Rinneadh dhá cháipéis - *Internal Quality Assurance and Accountability Policy* agus *External Quality Assurance Procedures* a ghlacadh mar fhreagairt don riachtanas sin agus rinneadh iad a fhoilsiú ar láithreán gréasáin an Údaráis.

I mí an Mhárta 2007, rinne an *NQAI* athbhtreithniu cáilíochta a coimisiún ar *FETAC*, faoi théarmaí Achta 1999 na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint). Is é an cur chuige a chomhaontaíodh le haghaidh an athbhreithnithe ná féin-luacháil ag an gComhairle

agus luacháil sheachtrach ag painéal seachtrach. I mí Iúil 2007 tar éis comhairle leathan inmheánach agus sheachtrach, d'fhoilsigh an *FETAC* a *Thuarascáil um Féin-Luacháil*.

I mí Lúnasa 2007, rinneadh an tuarascáil um chúlra tire, ar aithint fhoghlamtha do-fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil in Éirinn, a fhoilsiú mar chuid den ghníomhaíocht an *OECD* ar *Recognition of non-formal and informal learning* (*2006 – 2008*) ina mbíonn Éire gafa.

Mar chuid de na tionscadail reatha chun *Europass in Ireland,* rinne an *National Europass Centre,* atá lonnaithe laistigh den *NQAI,* taispeántas ag *Opportunities 2007*-an taispeántas oideachais, gairmeacha agus scileanna is mó san Eoraip. Tionóladh *Opportunities 2007* i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath ag an deireadh seachtaine 3/4 Márta 2007.

Qualifications Recognition Ireland, an t-aon siopa a bhunaigh an tÚdarás chun comhairle a thabhairt ar an gcomparáid idir na dámhachtainí idirnáisiúnta, lean sé ar aghaidh ar a chuid gniomhaíochtaí a shíneadh amach sa bhliain 2007. Rinne an tseirbhís ról tábhachtach a imirt trí chomhairle a thabhairt ar aithint na gcáilíochtaí idirnáisiúnta maidir leis an earcú do na Gardaí agus do na Fórsaí Cosainte mar aon le comhairle a thairiscint d'imircigh atá ar tóir rochana ar fhoghlaim sa bhreis nó ar fhostaíocht.

Glac an *HETAC* le dúnghaois nua ar athbhreithniú institiúide i gcás soláthraithe ardoideachais agus oiliúna i mí na Nollag 2007.

Tá *FETAC* gafa ar Chomhchóras Dámhachtana a chur i bhfeidhm chun dámhachtainí a fhorbairt. Cuireadh críoch i mí na Nollag 2007 le gach córas a bhí ar fáil chun dámhachtainí a fhorbairt (FÁS, Fáilte Ireland, Teagasc, agus *NCVA*). Deimhneoidh an Chomhchóras Dámhachtana nua go mbeidh na dámhachtainí ábhartha do riachtanais fhostóirí agus fhoghlaimeoirí araon, comhtháite le creatlach náisiúnta na gcáilíochtaí, freagrach don éileamh agus ar fáil go náisiúnta do sholáthraithe cláraithe.

Ó thosaigh sé timpeall deich mbliana ó shin, leanann an *Higher Education Links Scheme* ar aghaidh ag méadú agus ag leathnú a chuid bealach i gcás shealbhóirí dámhachtana *FETAC* chuig na cúrsaí oideachais tríú leibhéal i raon institiúidí ardoideachais. Sa bhliain 2007 rinne 6999 iarratasóir *FETAC* iarratas tríd an Lároifig Iarratas (*CAO*) ar éagsúlacht cúrsaí tríú leibhéal. Léiríonn an uimhir sin méadú 1420 ar an uimhir iarratasóirí sa bhliain 2006.

RINNE *FETAC* 142,648 dámhachtain a eisiúint sa bhliain 2007.

RINNE *HETAC* 22,404 dámhachtain a eisiúint sa bhliain 2007.

Cuspóir 4.3: Oibreoimid chun foirfeacht a thacú i gcáilíocht an teagaisc agus na foghlamtha acadúla san ardoideachas.

Tá an Roinn freagrach as anailís, as forbairt, as athbhreithniú agus as cur i bheidhm dúnghaoise san ardoideachas. Baineann an cur chuige dúnghaoise leis an aidhm ina iomláine maidir leis an gcóras ardoideachais sa mhéid go gceadaíonn sé do dhaoine an tualainge iomlán mar dhaoine aonair agus mar shaoránaigh gniomhacha a bhaint amach mar aon leis an fonn chun ranníocaíocht na hearnála a uasmhéadú maidir le forbairt shóisialta agus eacnamaíche.

Tá sé mar fhreagracht ar an Roinn, freisin, dúnghaoisí a fhorbairt maidir le freagraí ar riachtanais scileanna atá ann anois san eacnamaíocht agus mar ionadaithe na Roine ar ghrúpai éagsúla atá ag pleanáil le haghaidh riachtanas scileanna sa todhchaí.

Forbairtí sa bhliain 2007

Tá *European Standards and Guidelines for Quality Assurance in the European Higher Education Area* lonnaithe anois ag an *HEA*, *HETAC* agus an *NQAI* ina gcuid dúnghaoisí agus critéar. Baintear feidhm as na dúnghaoisí agus as na critéir sin chun caighdeáin a bhunú do dhámhachtainí, do dhámhachtainí a bhronnadh, agus chun údarás a bhronnadh le haghaidh dámhachtaini a dhéanamh agus chun dearbhú cáilíochta san earnáil ardoideachais. Tá ionadaíocht ag an Roinn ar an Líonra Cáilíochta um Ardoideachas Éireannach (*IHEQN*). Is é ról an *IHEQN*ina iomláine ná:

- chun fóram plé a sholáthar maidir le ceisteanna um dhearbhú cáilíochta i measc na bpríomhhpáirtithe leasmhara náisiúnta gafa i ndearbhú cáilíochta ardoideachais agus oiliúna in Éirinn;
- chun fóram plé a sholáthar maidir le dea-chleachtadh a scaipeadh i ndearbhú cáilíochta i measc cleachtóirí agus déantóirí dúnghaoise atá gafa san earnáil ardoideachais agus oiliúna in Éirinn;
- chun iarracht a dhéanamh, más cuí, gnáthphrionsabail agus cur chuige náisiúnta a fhorbairt maidir le dearbhú cáilíochta san ardoideachas agus san oiliúint in Éirinn

Déantar na prionsabail a chomhaontú ag an Líonra comhfhógrach leis na heagair reachtacha a rialaíonn dearbhú cáilíochta san earnáil Ardoideachais in Éirinn agus a aontaíonn leis na prionsabail a breacrianadh san *European Standards and Guidelines*.

Cuspóir 4.4: Déanfaimid an mhúinteoireacht mar ghairm a fhorbairt agus déanfaimid cáilíocht an teagaisc a choinniú agus a fheabhsú trí Chomhairle Mhúinteoireachta a bhunú.

Bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta ar bhonn reachtúil ar 28 Márta 2006. Agus a cuid dualgas á comhlíonadh aice, cuireann an Chomhairle dúnghaoisí an Rialtais i gcrích maidir le oide-oideachais agus oiliúint, maidir le promhadh, le cáilíocht, le iompar ghairmiúil agus caighdeáin teagaisc.

Tá freagrachtaí rialtais corparthachta ag an Roinn maidir leis an gComhairle agus lena chois sin, déanann sí chaidreamh, mar is cui, le dúnghaois agus le gnéithe eile a

bhíonn leasmhar don Chomhairle. Ó bunaíodh í, thug an Chomhaihe faoi obair trasna raon leathan freagrachtaí mar ar leagadh iad amach in *Achtanna na Comhairle Múinteoireachta*.

Le linn na bliana 2007, cuireadh i bhfeidhm measúnacht ar an luach airgid a fuarthas i gcás na gclár a rinneadh a bhainistiú ag an Earnáil Oide-Oideachais. Beartaítear ar an tuarascáil a fhoilsiú go luath sa bhliain 2008.

Cuspóir 4.5: I gcomhthéacs Chomhaontú Aoine an Chéasta, déanfaimid ranníocaíocht do chomhoibriú Thuaidh/Theas agus gníomh comónta a fhorbairt sa réigiún oideachais agus d'fhorbairt an chomhoibrithe le Reanna ábhartha i dTuaisceart Éireann, sa Bhreatain, in Albain, saBhreatain Bheag agus sna Stáit Aontaithe.

Tá an Roinn freagrach as comhoibriú a fhorbairt sa réigiún oideachais idir an dá chuid d'oileán na hÉireann i gcomhthéacs Chomhaontú Aoine an Chéasta. Is é príomhaidhm na Roinne, ina leithéid de chás, an chomhoibriú seo a iompar ar aghaidh tríd an Chomhairle Aireach um Thuaidh/Theas agus dúnghaoisí comónta a fhorbairt san réigiúin ainmnithe maidir le riachtanais oideachais speisialta, le tearc-éacht oideachasúil, le gluaisne oide is scoile, malartaithe óige agus oide.

Forbairtí sa bhliain 2007

Tionóladh an chéad chruinniú i mBaile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2007 den Chomhairle Aireach Thuaidh/Theas san earnáil Oideachais ó athbhunú na struchtúr um Chomhthionól Thuaisceart Éireann (*NI*). Shonraigh an hAirí an comh-dhul ar aghaidh i gceithre réigiún shocraithe chomhoibrithe ón bhliain 2002 amach – Riachtanais Oideachasúla Speisialta, Cáilíochtaí Oide, Tearc-Éacht Oideachasúil agus Malartaithe Óige agus Oidí – agus tugadh cuireadh do na hoifigigh leanúint ar aghaidh leis na réigiúin chomhoibrithe sin a fhorbairt.

Rinne an tAonad Thuaidh/Theas, raon tionscnamh um Thuaid/Theas a chomhchistú i gcomhairle leis an Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann agus san áireamh bhí Scoileanna Eorpacha, Teorainneacha a Lánscoir agus cláir um Naisc Shaoránacha.

Cuspóir 4.6: Déanfaimid cóiríocht oiriúnacht um éifeachtúlacht costais a phleanáil agus a sholáthar chun seachadadh oideachas cháilíochta a thacú.

Clár Tógála Scoileanna

Déanann an Roinn réitigh oiriúnacha um éifeachtúlacht costais a phleanáil agus a chistiú chun na hearnálacha bunoideachais agus iarbhunoideachais a chur ar fáil, a ghléasadh agus a chóiriú trí scoileanna nua a sheachadadh agus tríd an chóiríocht atá ann faoi láthair a dheisiú agus mhéadú.

Forbairtí sa bhliain 2007

- rinneadh 12 scoil nua agus 25 mórmhéadú tionscadal cóiriochta a chomhlánú san earnáil bhunscoile
- rinneadh 4 scoil nua agus 19 mórmhéadú tionscadal cóiriochta a chomhlánú san earnáil iarbhunscoile
- rinneadh 77 tionscadal a chomhlánú faoin Scéim um Scoileanna Beaga
- rinneadh 53 tionscadal a chomhlánú faoin Scéim um Chóiríocht Bhuan
- rinneadh 797 tionscadal bunscoile a fhaomhadh faoin scéim 2007 um Oibreacha Samhraidh
- rinneadh 340 tionscadal bunscoile a fhaomhadh faoin scéim 2007 um Oibreacha Samhraidh
- fuair gach bunscoil aitheanta deontas bunúsach €5,500 móide €18.50 le haghaidh gach dalta príomhshrutha mar aon le €74 le haghaidh gach dalta um riachtanais speisialta faoin Scéim Deontais do Mhionoibreacha
- rinneadh 24 suíomh a ghnóthú chun an t-éileamh ar nuascoileanna a shásamh
- leanadh ar aghaidh ar iarratais a phróiseáil maidir le teagmhasacht, feabhsú, troscán agus trealamh
- leantar ar aghaidh le scéimeanna deontais maidir le sláinte agus le sábháilteacht i seomraí adhmaid in iarbhunscoileanna agus maidir leis an gcuraclam nua i nGrafaic um Dhearadh Chumarsáid

Tionscadail tógála a mhaoiniú

Tugann an Roinn tacaíocht do sheachadadh na gclár caipiteal trí:

- dheimhniú go n-íocfar gach íocaíocht chapitil ar an toirt do gach páirtí leasmhar ábhartha ar an toirt, go héifeachtúil agus de réir na riachtanas a bhaineann leis na húdaráis chuí rialacháin;
- na sonraí ábhartha a bhaineann le oibriú an chláir chaipitil a bhailiú le chéile;
- gnéithe cúnaimh don *ERDF* a thuairisciú don Aonad um Chiste Struchtúrach;
- an dul chun cinn den *NDP* a thuairisciú;
- tuarascáil bhliantúil a chur i láthair na Roinne Airgeadais, tuairiscú ar sheiceálacha fánacha na gníomhaíochta san Aonad Tógála, san áireamh.

Forbairtí sa bhliain 2007

- Rinneadh íocaíochtaí suas le €800m a phróiseáil ag an Roinn le linn na bliana 2007 de thoradh níos mó ná 8,800 éileamh.
- Rinneadh tuarascálacha míosúla ar chaiteachas caipitil a sholáthar do pháirtithe leasmhara ábhartha.
- Rinneadh tuarascáil bhliantúil a lonnú don Roinn Airgeadais ina raibh déileáil ar ghníomhaíochtaí caipitil le linn na bliana 2006 mar aon le tuarascáil ar sheiceálacha fánacha.
- Filleacháin a iarraidh chun a dheimhniú gur rinneadh an tharraingt aníos den chabhair *ERDF* faoin Chlár Feidhmiúcháin AE 2000 – 2006 a bhailiú le chéile agus a chur i láthair. Rinneadh feidhmeanna iniúchta tacaíochta agus tuarascálacha a bhain leis an tarraingt aníos a dhéanamh agus a lonnú nuair ba ghá a leithéid.
- Rinneadh réamhobair a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go héifeachtúil maidir le tarraingt aníos na cabhrach ón gCiste Forbartha Réigiúnach Eorpach (*ERDF*) faoin Chlár feidhmiúcháin 2007 – 2013.

Clár Príobháideach Poiblí Rannpháirtíochta (*PPP*)

Fógraíodh mórmhéadú ar Chlár Príobháideach Poiblí Rannpháirtíochta na Roinne sa bhliain 2005. Faoin mhéadú sin, soláthraíodh iomlán €300m le haghaidh 23 iarbhunscoil agus 4 bhunscoil nua a chur ar fáil i 22 ionad timpeall na tíre. Lena chois sin, dáileadh €270m chun 17 tionscadal nua tríú leibhéal i 9 n-ionad. Soláthraíodh cistiú €565 milliún sa bhreis den Phlean Forbartha Náisiúnta (*NPD*) i mí Eanáir 2007 don 1ú, 2ú agus 3u leibhéal Tionscadail den *PPP*.

Forbairtí sa bhliain 2007

- Comhlánú den Scoil Cheoil igCorcaigh: rinneadh an tionscadal nua €60m a chomhlánú laistigh den bhuiséd agus a bhí chun tosaigh ar an sceideal. Beidh cóiríocht ag an scoil do 400 mac léinn lánaimseartha tríú leibhéal mar aon le 2000 mac léinn páirtaimseartha.

- Ceapadh an tairiscint inroghnaithe don 1ú beart de scoileanna *PPP* ina bhfuil 4 iarbhunscoil agus a sholáthróidh 2,700 áit scoile nuair a bheidh siad comhlánaithe.

- An próiseas réamhsholáthair a chur chun cinn den 2ú beart de PPP scoileanna ina mbeidh 1 bhunscoil agus 5 iarbhunscoil a sholathróidh níos mó ná 4,700 áit scoile nuair a dhéanfar iad a sheachadadh.

- Ceapadh comhairleoiri teicniúla chun cabhrú le cur chun cinn na 17 tionscadal i 9 n-institiúid tríú leibhéal.

Spáráil Fuinnimh

Lean an Roinn ar aghaidh chun caomhnú fuinnimh a fheabhsú sna foirgnimh oideachasúla ag baint feidhme as a dúnghaois fhuinnimh *DART* (*Design, Awareness, Research & Technology*). Déantar an dúnghaois seo a aithint ag dámhachtainí fuinnimh náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Na bunscoileanna a rinneadh a dhearadh agus a thógáil de réir na dúnghaoise thuas, taispeánadh go raibh an léiriu fuinnimh 2.3 uair níos eifeachtúla ná dea-chleachtadh idirnáisiúnta. Taispeánadh go raibh léiriú fuinnimh ag iarbhunscoileanna dhá uair níos éifeachtúla ná dea-chleachtadh idirnáisiúnta.

Tugadh tacaíocht don dúnghaois fuinnimh ag níos mó ná fiche tionscadal taighde éagsúil. Bhuaidh an 1ú bheart de scoileanna athdheartha aicmeacha damhachtain fuinnimh ardmholta ag an *Sustainable Energy Awards Competition 2007* de thoradh foirfeachta sa dearadh nó sa sainiú foirgnimh.

AIDHM ARDLEIBHÉIL 5 - Ár nAcmhainn Soláthair a Fhorbairt

Déanfaimid seachadadh an oideachais a thacú trí phleanáil cháilíochta, trí dhearadh dúnghaoise agus trí seirbhís don chustaiméir.

Cuspóir 5.1: Déanfaimid acmhainn níos mó a chumadh laistigh den Roinn chun béim a chur ar ár bhfeidhmeanna lárnacha, go mór mór maidir le pleanáil straitéiseach.

Seirbhís san Oifig Réigiúnach

Gníomhaíonn Oifigigh Réigiúnacha na Roinne mar ionadaithe na Roinne ar dhreamanna reigiúnacha agus áitiúla cuí agus de thoradh sin soláthraíonn siad faisnéis ar cheisteanna oideachais agua ar sheirbhísí eile oideachasúla d'fhéadfaí a fheidhmiú níos fearr go réigiúnach.

Déanann an tSeirbhís um Oifig Réigiúnach faisnéis oideachasúil a sholáthar trí na bealaigh a leanas;

- Freagraí a thahbhair ar cheisteanna rphoist a fhaightear trí bhosca ríomhphoist na Roinne INFO@Education.gov.ie
- Freagraí a thabhairt ar cheisteanna oideachais teileafóin agus pearsanta trí líonra na hoifige réigiúnaí.
- Oráidí, nótaí agus ábhar dréachta a dhréachtadh do chruinnithe an Aire agus d'oifigigh eile ar cheisteanna áitiúla agus reigiúnacha.
- Ionadaíocht chuí rannach ar gach ceann de na 34 Bord Forbartha sa Chathair agus sa Chontae mar aon le foghrúpai gaolmhara, iad san a bhaineann le Oideachas Sóisialta um Ghnéithe Cuimsitheacha
- Ionnadaíocht rannach a sholáthar ar raon dreamanna réigiúnacha & áitiúla eile mar choistí um chúram leanaí agus tascfhórsaí reiliúnacha druganna.

Samhail nua phátrúnachta do bhunscoileanna

Sa bhliain 2007 do sheol an Roinn samhail nua pháthúnachta do bhnscoileanna. I dtús báire, feidhmeoidh Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath mar phátrún i ndá scoil phíolótacha. Osclófar na Scoileanna Náisiúnta Comhphobail do gach páiste neamhspleách ar reiligiún. Beidh siad idir-shainchreidmheach agus de chuspóir acu clár um oideachas reiligiúnach / um chruthú creidimh agus eitic ghinearálta a chur a fáil le linn an lá scoile.

Cuspóir 5.2: Déanfaimid foireann a earcú, a threorú, a fhorbairt agus a thacú chun a chur ar a cumas ranníocaíocht go hiomlán i gcultúr dea-bhainistíochta díthe ar fheidhmiú i dtimpeallacht um dhul chun cinn deimhneach.

Oiliúint agus forbairt na foirne

Téann an Roinn i gcomhairle leis an bhfoireann agus leis an mbainistíocht chun riachtanais oiliúna a shainaithint agus déanann sí raon leathan clár don bhfoireann a eagrú agus a thacú.

Tá tacaíocht ar fáil, freisin, don Chigireacht, don tSeirbhís Náisiúnta Siceolaíochta Oideachasúil (*NEPS*), don Aonad Tógála agus Pleanála (*PBU*) agus an aonad *IT* maidir le riachtanais oiliúna, gairmiúla agus teicniúla ar leith.

Cuireadh farasbarr ar 3,800 lá oiliúna ar fáil sa bhliain 2007 agus san áireamh bhí oiliúint ionduchtaithe don bhfoireann nua, forbairt don bhainistíocht shinsearach, oiliúint *IT* (usáideoir deireanach), bainistíocht chroinicí agus bainistíocht airgeadais. Bhí céad is caoga den bhfoireann ag an leibhéal bainistíochta i láthair ag na ghrádlíonraí do bhainisteoiri sinsearacha agus iad san ag an leibhéal meánach a lean ar feadh 2 lá.

Ba 2.6% an céatadán de na costais phárolla an caiteachas ar oiliúint agus forbairt foirne sa bhliain 2007.

Oiliúint don Bhainistíocht Airgeadais

Bhí níos mó ná 100 den bhfoireann i láthair ag seisiúin mionteagaisc agus ag cúrsaí oiliúna a chuimsigh na réigiúin a bhain le aithne airgeadais , le bainistíocht agus rialú agus le próiseas na meastachán. Ba bainisteoiri sinsearacha agus iad san ag an leibhéal meánach a chum níos mó ná leath na rannpháirtithe.

Táilli a aisíoc

Do lean an Roinn ar aghaidh chun tacaíocht a thabhairt don bhfoireann a rinne tinreamh ar chúrsaí oideachais sa bhreis as a stuaim fhéinigh. Sa bhliain 2007 rinneadh €179,836 a aisíoc faoin scéim sin.

Cuspóir 5.3: Déanfaimid bainisteoirí agus an fhoireann a thacú chun seirbhísí éifeachtúla um ardcháilíocht a sheachadadh laistigh de creatlach straitéiseach agus luach airgid.

Bunaíodh Líonra Caidrimh na nOifigeach um Sheirbhís Chustaiméara na Roinne mar fhochoiste den Ranpháirtíocht sa bhliain 2002 agus bhí sé freagrach as cur i bhfeidhm den Phlean Gnímh Custaiméara agus Cairt 2004-2007 a chur chun cinn.

Na Custaiméirí sin nach mbíonn sásta go bhfuil an tseirbhís á seachadadh i gcomparaid leis gealltanas seirbhíse cáilíochta a leagadh amach ag an Roinn nó nach bhfuil sásta leis na prionsabail chothromaíochta agus dea-riarachain a chleachtaítear, is féidir leo gearán a dhéanamh le Oifig na Roinne um Sheirbhísí Custaiméara. Sa

bhliain 2007 fuarthas trí cinn de a leithéid de ghearáin agus déileáladh leo trí nósanna imeachta na Roinne um Ghearáin Fhoirmáilte.

Cuspóir 5.4: Soláthróimid seirbhísí IT laistigh ár n- eagraíocht a thabharfaidh tacaíocht do chumadh dúnghaoise, do luacháil dúnghaoise mar aon le seachadadh seirbhísí do ár gcliaint a bheidh nuálach agus éifeachtach.

Forbairtí sa bhliain 2007

Rinneadh an Córas Éilimh Ar Líne (*OLCS*) a chur i bhfeidhm i 2,400 bunscoil. Cuirfidh an córas seo ar chumas scoileanna éilimh a chomhlánú ar líne le haghaidh laethanta no uaireanta an chloig a oibríodh ag oidí páirtaimseartha nó ag oidí ionadaithe a dhéanfaidh íocaíochtaí tuarastail a ghiniúint go díreach do dhaoine aonaránacha ó phárolla na n-oidí. Rinneadh feabhsú suntasach don *OLCS* sa bhliain 2007 agus san áireamh bhí iomlánú sa bhreis maidir le acmhainní daonna agus córais phárolla oidí.

Rinneadh ríomhaireacht chasta, chun riaráistí carnacha tuarastail thar roinnt blianta, a ghiniúint agus a bhí dlite do níos mó ná 5,000 oide iarbhunscoile a chomhlánú agus íocadh na riaráistí.

Rinneadh tosú ar thionscadal chun uasghrádú a dhéanamh ar na bogearraí uile *Oracle* atá taobh thiar de mhórbhonachair sonraí agus feidhmiúcháin na Roinne agus lean sé ar aghaidh ar feadh na bliana.

Fuarthas bonachar sonraí nua infra-struchtúir agus rinneadh an tsábháilteacht a láidriú.

Cuspóir 5.5: Soláthróimid raon d'fheidhmeanna airgeadais agus tacaíochtaí chun bainistíocht airgeadais feabhasaithe a thacú i soláthar seirbhísí oideachais agus san áireamh monatóireacht agus thuairisciú ar an dul ar aghaidh maidir le gnéithe oideachasúla a dhéantar a mhaoiniú go neamh-iomlán ag an Aontas Eorpach atá ionchorpraithe sa Phlean Náisiúnta Forbartha 2006-2010.

Iniúchadh inmheánach

Tá an tAonad Iniúchta Inmheánach na Roinne freagrach as dearbhú a sholáthar don Rúnaí Ginearálta ar leordhothain, éifeachtacht agus éifeachtúlacht na gcóras rialacháin inmheánach sa Roinn. Tugann sé faoin obair de réir an chlár oibre bhliantúil a dhéanann an Rúnaí Ginearéalta a fhaomhadh agus a dhéantar a fhorbhreathnú ag coiste iniúchta na Roinne. Tugann an tAonad faoi iniúchtaí a bhaineann le míreanna na Roinne, le scoileanna comhphobail agus cuimsitheacha, le ionaid oideachais, le dreamanna eile faoi choimirce na Roinne mar aon le iniúchtaí a chomhlánú ar chláir atá maoinithe ag an AE mar ar aontaíodh leis an gCoimisiún Eorpach. Soláthraíonn sé freisin tacaíocht riaracháin don choiste iniúchta.

Sa bhliain 2007, rinne an tAonad Iniúchta Inmheánach iomlán de dheich dtuarascáil iniúchta dheireanacha. Rinne se, freisin, saothar géilliúil agus leanúnach a chomhlánú maidir le moltaí a chur i gcrích.

Do thionóil coiste iniúchta na Roinne ceithre chruinniú le linn na bliaina. Tá cuigear mar bhaill den choiste (triúr atá seachtrach san áireamh agus duine amháin díobh sin mar chathaoirleach) agus soláthraíonn sé comhairle maidir le rialú inmheánach, maidir le timpeallacht na baolbhainistíochta agus gnéithe iniúchta.

Aonad Airgeadais

Bhí an tAonad airgeadais freagrach as raon oiliúna a sholáthar d'fhoireann na Roinne maidir le gnéithe airgeadais, é sin, agus maidir le oibriú Chóras Bainistíochta Airgeadais na Roinne (*FMS*).

Rinne an tAonad Airgeadais a chéad Ráiteas Aschuir Bliantúil (*AOS*) a tháirgeadh mar chuid den phróiseas buiséadach aonfhoirmeach athchóir0ithe a cuireadh ar bun ag an Tánaiste agus ag an Aire Airgeadais. Léiríonn an *AOS* na haschuir a cuireadh i gcrích as na hacmhainní airgeadais a dáileadh don Roinn mar aon le spriocanna a leagadh síos don bhliain dár gcionn. Is sárshampla é den chlár athruithe leantach atá dírithe ar aithne phoiblí maidir le roghnaithe buiséadacha agus i ndeireadh thiar maidir le aschuir le haghaidh dearbhchaiteachais.

Athbhreithnithe ar Luach Airgid (*VFMR*)

Rinneadh dul ar aghaidh sa bhreis le linn na bliana 2007 ar athbhreithnithe chlár na Roinne um Luach Airgid (*VFMR*). San áireamh sna hathbhreithnithe um Luach Airgid a comhlánadh sa bhliain 2007 bhí:

- *Athbhreithniú ar Scileanna Fochéimithe ICT*
- *Athbhreithniú ar Chláir a rinneadh a Bhainistiú ag an Earnáil Oide-Oideachais*
- *Athbhreithniú ar Ógtheagmháil agus ar Ionaid Oiliúna don Lucht Siúil Sinsearach*

Thosaigh dhá athbhreithniú sa bhreis ar *Eagair Árachais Scoile* agus ar *Scéim um Oibreacha Samhraidh* le linn na bliana 2007 agus tá sé beartaithe go mbeidis críochnaithe sa bhliain 2008.

Áirítear mar athbhreithnithe dúnghaoise eile a glacadh faoi choimirce an Aonaid Taighde agus Tacaíochta um Luacháil Chigireachta (*ESRU*) agus a criochnaíodh sa bhliain 2007:

- *Gaeilge sna Bunscoileannas / An Ghaeilge sa Bhunscoil*
- *Iniúchadh na Gaeilge sa Timthriall Sóisearach / Ag Breathnú ar an nGaeilge*
- *ICT sna Schoileanna*

Rinneadh dul chun cinn, freisin, ar chur i bhfeidhm na moltaí ó athbhreithnithe a foilsíodh cheana. Níor cuireadh i bhfeidhm fós na moltaí a bhí sa *Review of the Small Schools and Permanent Accommodation Schemes*.

Íocaíocht na gCuntas ar an Toirt

Chomhlíon an Roinn a freagracht reachtúil ag teacht le forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas maidir le híocaíocht agus taifeadadh íocaíochta pras. Íocadh píonóis úis de réir ailt 4 an Achta i roinnt an-bheag cásanna i 2007 mar a léirítear thíos:

Ollchaiteachas iomlán vótáilte aschuir	*Méid*
Líon iomlán na n-íocaíochtaí malla ar a gearradh píonóis Úis Íocaíochta Pras (PPI)	€8.705 billiún 75
Pionóis úis glan-íocaíochta pras (PPI) tabhaithe	€3,537.97

Cuspóir 5.6: Déanfaimid cleachtadh um dhea-chaidrimh thionsclaíoch a chur chun cinn tríd an earnáil oideachais agus déanfaimid cruth nua-aimseartha na hearnála a thacú trí phróiseas rannpháirtíochta .

Na heagair a bhain le athfhostú farasbarr oidí dara leibhéal i gcás dúnadh scoile, rinneadh iad a chomhaontú ag Comhairle Réitigh Oidí i mí na Bealtaine 2007.

Maidir le ceisteanna ag éirí as cur i bhfeidhm an Achta 2003 umChosaint Fostaithe (Saothar um Théarma Seasta) i gcás bunscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta, thángthas ar chomhaontú futhu, freisin.

Chomhlánaigh an Grúpa Fíoraithe um Léiriú um Earnáil Oideachais na measúnachtaí roimh an méadú pá ar 1 Meitheamh 2007 a rinneadh a fhoráil sa chomhaontú náisiúnta pá sa *Towards 2016*. Go ginearálta, chuir an hinstitiúidí in iúl go raibh chomhoibriú le solúbthacht agus le athrú leantach sna réigiúin a chuimsigh *Towards 2016* mar aon le cur i bhfeidhm sásúil den chlár nua-aimseartha, buanú caidrimh thionsclaíoch do-aistrithe agus easpa gnímh thionsclaíoch.

Rinneadh íocaíocht na méadúithe a bhí dlite ar 1 Meitheamh 2007 agus a foráladh faoi *Towards 2016* a mholadh do na gráid oideachais sin a chomhlíon na forálacha agus na téarmaí a bhain leis an gcomhaontú le linn na bliana 2007 a lean an dul ar aghaidh fíoraithe.

Cuspóir 5.7: Déanfaimid riaracháin feabhsaithe agus pleanáil chun tosaigh a thacú trí dhúnghaois agus moltaí reachtúla a fhorbairt agus trí staitistic oideachais ábhartha a bhailiú agus a anailísiú

Reachtaíocht Bhunoideachais

Acht Oideachais 2007 (Forálacha Ilghnéitheacha) Act 2007 (Uimh. 9 de 2007)

Rinneadh an tAcht a reachtáil i mí an Mhárta 2007 agus is é an phríomhaidhm a bhí leis ná *Mír 29 den Acht Oideachais* a leasú mar thoradh ar mholtaí an Tascfhórsa ar Iompar Mac Léinn i scoileanna dara leibhéal. Forálann sé raon gnéithe nach mór do choiste achomhairc a chur san áireamh agus é ag déileáil le diúltú cláraithe, fíoraí nó eisiamh an mhic léinn agus déanann sé roinnt athruithe ar nósanna imeachta do phróiseas na n-achomharc maidir le Mír 29.

Bille 2008 um Thacaíocht an Mhic Léinn

Lonnóidh an Bille seo gach scéim um thacaíocht an mhic léinn ar bhonn reachtúil, údarás dámhachtana cuí a ainmniú san áireamh. Rinneadh Scéim ghinearálta an Bhille a fhaomhadh ag an Rialtas le haghaidh dréachtaithe ar 14 Iúil 2006 agus bhí sé go mór chun tosaigh go déanach sa bhliain 2007 maidir le dréachtú.

Reachtaíocht Mheánoideachais a fógraíodh sa bhliain 2007

An tAcht 2006 um Institiúidí Teicneolaíochta (Tionscnamh) Ordú 2007 (S.I. Uimh. 36/2007)

Is é an aidhm atá leis an Ordú seo ná chun 1 Feabhra a cheapadh mar an dáta ar tháinigh an tAcht 2006 um Institiúidí Teicneolaíochta (Uimh. 25 de 2006) i bhfeidhm.

An tAcht 1999 um Cháilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) (Mír 31) Rialacháin 2007 (S.I. Uimh. 571/2007)

Rinneadh na rialacháin seo a shíniú ag an Aire i mí Iúil 2007 agus sonraíonn siad na gnéithe nach mór a chur san áireamh ag institiúidí tríú leibhéal ina gcuid cairteacha; na heagair don chomhairle agus don chomhoibriú leis an gcomhphobal sa réigiún; na critéir is gá chun an leibhéal éilimh a chinneadh le haghaidh chláir oideachais agus oiliúna ar leith agus an leibhéal is gá do a leithéid de chláir; an dúnghaois maidir le oideachas aosach agus leanúnach mar aon leis na heagair nach mór a fheidhmiú sna nósanna imeachta rochtana, aistrithe agus dul ar aghaidh.

Reachtaíocht Mheánoideachais sa bhliain 2007

Comhaithint Cháilíochtaí Gairmiúla um Rialacháin Treoracha

Déanfar na rialacháin seo ar chomhaithint cháilíochtaí a aistriú isteach sa dlí Éireannach Treorach 2005 / 36 / EC. Déanann a leithéid an dlí roimhe seo sa réigiún a

chomhdhlúthú agus a leasú. Leanadh ar aghaidh ar na rialacháin a dhréachtadh le linn na bliana 2007.

Na Rialacháin san Acht Oideachais 1998 (Mir 24(3) foireann)

Na rialacháin seo, a leanadh ar aghaidh sa bhliain 2007 leis an dréachtadh ina leith, tabharfaidh siad éifeacht don ghealltanas i *Towards 2016* chun nósanna imeachta leasuithe a chur ar bun chun déileáil le éacht an oide.

Cuspóir 5.8: Cuirfimid i bhfeidhm an chuid sin de chlár díláithrithe an Rialtais a bhaineann le athlonnú oifigí na Roinne i mBaile Átha Cliath go dti an Muileann gCearr agus Baile Átha Luain

Díláithriú

Mar chuid de chlár díláithrithe an Rialtais, déanfar 400 post atá lonnaithe sa Roinn i mBaile Átha Cliath a dhíláithriú go dtí an Muileann gCearr agus Baile Átha Luain.

Cóiríocht

Tá sé beartaithe trí chéad (300) post a dhíláithriú go dtí an Muileann gCearr.Tá láthair faighte ag Oifig na nOibreacha Poiblí (*OPW*) le haghaidh chóiríocht oifige i Muileann gCearr.

Rinneadh luacháil na dtairiscintí do thionscadal um rannpháirtaíocht phríobháideach phoibli (*PPP*), soláthar cóiríochta i mBaile Átha Luain san áireamh, a chomhlánú ag an *OPW* i mí na Nollag 2007 agus ceapadh an té ar glacadh lena thairiscint chun tabhairt faoin tionscadal. Déanfar timpeall 100 post a dhíláithriú go dtí Baile Átha Luain. Tógadh foirgneamh nua a thabharfaidh cóiríocht don 100 post seo mar aon le comhlíon post atá lonnaithe cheana féin i gcóiríocht shealadach i mBaile Átha Luain ar champas na Roinne i mBaile Átha Luain anois. Beidh an foirgneamh seo réidh le haghaidh seilbhe le linn na chéad leithe de 2008 agus beidh an chuid a bhaineann le díláithriú na Roinne go dtí Baile Átha Luain comhlánaithe i samhradh na bliana 2008.

Tá an dul ar aghaidh á thomhas ó dháta dara plean feidhmithe na Roinne, i.e., Aibreán 2005 go dáta. Dealraítear go mbeidh deireadh na bliana 2009 nó go luath sa bhliain 2009 mar an t-amlíne i gcás an díláithrthe iomláin. Ceaptar go mbeidh an chóiríocht i Muileann gCearr réidh ansin le haghaidh seilbhe.

Aguisín A: Cairt Eagair - Nollaig 2007

Brigid McManus
Rúnaí Ginearálta

Peter Baldwin, Rúnaí Cúnta
- NEPS
- RIRU/Oideachas Speisialta
- Oideachas Speisialta
- EPSEN
- Beartas Oideachais Luathóige
- Aonad IT

Pat Burke, Rúnaí Cúnta
- Caidrimh Foirne Seachtracha
- Acmhainní Daonna
- Oideachas Múinteora
- Beartas Cáilíochtaí, Curaclaim agus Measúnachta
- Beartas ICT (Scoileanna)

Ruth Carmody, Rúnaí Cúnta
- Oideachais Triú-leibéal Taighde agus Forbairt
- Tacaíocht do Mhic Leínn
- Phalanx Forbartha Náisiúnta (NDP)
- Pinsin

Martin Hanevy, Rúnaí Cúnta
- Bunoideachais agus Iarbhunoideachais Beartas agus Riarachán
- Aonad Airgeadais

Paddy McDonagh, Rúnaí Cúnta
- Uilechuimsitheacht Shóisialta
- Idirnáisiúnta/Thuaidh Theas
- Gnothai Óige
- Breisoideachas
- Scoileanna Leanaí Géibhinn

Frank Wyse, Rúnaí Cúnta
- Párolla
- Pleanáil agus Tógáil
- Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach
- Seirbhís na hOifige Réigiúnach
- Iompar Scoile

Kevin McCarthy, Stiúrthóir
- Beartas agus Dlíthiúil
- An tAonad Staidrimh
- Seirbhísí Corparáideacha

Eamonn Stack, Príomhchigire
- Cigireacht

Aonaid Tacaíochta
- Iniúchadh Inmheánach
- Oifig an Rúnaí Ginearálta
- Oifig an Aire
- Oifig an Aire Stáit
- Aonad Tacaíochta MAC

Aguisín B: Gníomhaireachtaí faoi Choimirce na Roinne i 2007

An Chomhairle Chomhairleach do Scoileanna Mhúinte an Bhéarla	(ACELS)
An Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta	(COGG)
An tIonad um Fhorbairt agus Oideachas Luathóige	(CECDE)
An Choimisiúin chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú	(CICA)
An Bord Airgeadais Oideachais	(EFB)
Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna	(FETAC)
Gaisce – Gradam an Uachtaráin	
Gníomhaireacht Forbartha Grangegorman	(GGDA)
Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna	(HETAC)
An tÚdarás um Ard-Oideachas	(HEA)
An Bord Oideachais Idirnáisiúnta - Éire	(IEBI)
Léargas – An Biúró Malartaithe	
An Lárionad Náisiúnta do Theicneolaíocht in Éire	(NCTE)
An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas	(NCGE)
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	(NCCA)
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta	(NCSE)
An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais	(NEWB)
Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann	(NQAI)
An Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe	(RIRB)
An Coiste Athbhreithnithe i leith Foras Cónaithe	(RIRC)
An Coimisiún um Scrúduithe Stáit	(SEC)
An Chomhairle Mhúinteoireachta	